Ag Rialáil Gairmithe Sláinte
agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health +
Social Care Professionals

# An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

# Tuarascáil Bhliantúil 2014

# Clár Ábhar


1.Faisnéis faoi CORU ........................................................................................ 4

2.Ráiteas an Chathaoirligh ........................................................................... 8

3.Réamhrá leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin................................................ 10

4.Tuarascáil Bhliantúil na Comhairle ........................................................... 12

5. Cruinnithe agus Coistí na Comhairle ........................................................ 19

6. Tuarascálacha Bliantúla na mBord Clárúcháin..……………………………………32

6.1 Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta ................................................... 32

6.2 Bord Clárúcháin na Radagrafaithe............................................................ 38

6.3 Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach ............................................................ 46

6.4 Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair................................................ 52

6.5 Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga……………………………60

6.6 Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí........................................................ 66

6.7 Bord Clárúcháin Eatramhach na nGairmithe Radharceolaíochta ......................... 72

Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 ……………………………78

# Giorrúcháin Agus Sainmhínithe

| | |
|---|---|
| An tAcht | An tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) |
| An Bord | Bord Clárúcháin |
| POF | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin |
| An Coiste | Coiste comhairleach na Comhairle/an Bhoird, ar a bhfuil comhalta den Chomhairle/Bhord ina chathaoirleach, a dhéanann moltaí ar a ndéanann an Chomhairle/an Bord cinneadh. |
| CORU | Comhainm Branda don Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus na 12 bhord clárúcháin atá le bunú faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) |
| An Chomhairle | An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh |
| BCD | Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach |
| BCEGR | Bord Clárúcháin Eatramhach na nGairmithe Radharceolaíochta |
| An tAire | An tAire Sláinte |
| OTRB | Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair |
| PRB | Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí |
| Bord Clárúcháin | Bord clárúcháin aonair do cheann amháin de na gairmeacha a chuimsíonn an tAcht |
| Cláraitheoir | Cláraitheoir na mBord Clárúcháin |
| BCR | Bord Clárúcháin na Radagrafaithe |
| BCTUT | Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga |
| BCOS | Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta |

## Faisnéis faoi CORU

Is iad CORU rialtóir sláinte ilghairme agus cúraim shóisialta na hÉireann. Oibrímid ar mhaithe le leas an phobail, agus is é an ról atá againn an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin d'iompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht a chur chun cinn trí chlárúchán reachtúil gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Is é CORU an t-ainm branda agus an lógó faoina n-oibríonn an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus na Boird Chlárúcháin do na gairmithe le chéile.

Tá CORU freagrach as rialú a dhéanamh, faoi Acht 2005 (arna leasú), ar na 12 ghairm chúram sláinte agus shóisialta atá liostaithe, a meastar a bhfuil 20,000 comhalta ina measc. Féadfaidh an tAire breis gairmeacha a chur leis an liosta amach anseo. Den chéad uair, déanfar rialáil ar na gairmeacha liostaithe seo ar bhonn reachtúil. Is iad siúd:

Bithphoitigéirí cliniciúla
Diaitéitigh
Eolaithe míochaine
Teiripeoirí saothair
Ortoptaigh
Coslianna
Fisiteiripeoirí
Síceolaithe
Radagrafaithe
Teiripeoirí Radaíochta
Oibrithe cúraim shóisialta
Oibrithe sóisialta
Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga

Tá a mBord Clárúcháin féin ag gach gairm atá freagrach as clárú comhaltaí maidir lena ngairm faoi leith.

Go dtí seo, bhunaigh an tAire Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta, Bord Clárúcháin na Radagrafaithe, Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach, Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga, Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair agus Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí. Ceapadh Bord Clárúcháin Eatramhach na nGairmithe Radharceolaíochta i mbliana chun tacú le rún an Aire chun Bord na Radharceolaithe a chomhchuimsiú isteach in CORU, agus rialáil radharceolaithe agus optaiméadraithe dáilte a aistriú. Anuas air sin, rinne an Roinn fógraíocht do chomhaltaí le bord clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialta agus táthar ag súil leis go gceapfar iad in 2015. Bunófar na boird eile ar bhonn céimnithe.

## Ár Misean

Amhail a leagtar amach é san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú), is é ár misean:

"Chun an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin d'iompar gairmiúil agus d'oideachas gairmiúil, oiliúint agus inniúlacht a chur chun cinn i measc cláraithe de ghairmithe ainmnithe"

## Ár bhFís

“Baintear muinín agus cosaint an phobail amach tríd an gcur chun cinn a dhéanann CORU ar ardchaighdeáin trí rialáil chóir agus éifeachtach a dhéanamh ar ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh.”

## Ár Luachanna




Lorgaíonn CORU le sraith luachanna a léiriú atá mar bhonn agus taca agus a thacaíonn leis an mbealach a oibrímid agus a idirghníomhaímid lenár bpáirtithe leasmhara go léir. Baineann ríthábhacht leis na luachanna a leanas maidir le baint amach ár misin agus ár bhfíse:

Bunaítear ár gcinntí, gníomhartha agus tosaíochtaí go léir ar ár ndíriú singil, chun feabhas a chur ar **shábháilteacht phoiblí**.

Léirímid **ceannaireacht** laistigh dár n-earnáil trí chur chuige dearfach, ardchaighdeáin agus fianaisebhunaithe i leith ár gcuid oibre.

Táimid tiomanta **d'fhreagracht agus do thrédhearcacht** i ngach ceann dár bpróisis; cinntí, iompar gairme, cumarsáid agus déileáil lenár bpáirtithe leasmhara.

Léirímid **meas agus cothroime** inár n-idirghníomhaíochtaí leis an bpobal, le gairmithe agus le gach ceann dár bpáirtithe leasmhara.

Léirímid éifeachtacht agus sármhaitheas mar eagraíocht i dtaobh luach ar airgead, éifeachtúlacht oibríochtaí agus rialachais.

Léireoimid **neamhspleáchas agus iomláine** i ngach ceann dár ndéileálacha lenár bpáirtithe leasmhara.

## Ról na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Comhlacht reachtúil iad an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh a bhunaigh an Rialtas chun an pobal a chosaint trí na caighdeáin is airde d'iompar gairmiúil a chur chun cinn a chinntiú i measc na ngairmeacha ainmnithe sláinte agus cúraim shóisialta.

Déanann an Chomhairle an méid a leanas:

- Maoirsiú agus comhordú ar obair na mBord Clárúcháin.
- Caighdeáin chleachtais a fhorfheidhmiú le haghaidh gairmithe cláraithe, lena n-áirítear cóid d'éiteas agus d'iompar poiblí.
- Oiriúnacht chun Cleachtadh a oibriú.
- Cinntí a dhéanamh agus treoracha a thabhairt a bhaineann le smachtbhannaí disciplíneacha ar chláraithe.
- Bheith freagrach as acmhainní a leithdháileadh ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach.

Tá 25 comhalta sa Chomhairle - ainmnítear duine amháin ó gach gairm a rialaítear agus tá 13 chomhalta thuata inti chomh maith. Tarraingítear na comhaltaí tuata ón earnáil oideachais, grúpaí abhcóideachta othar, an earnáil dheonach agus ionadaithe d'eagraíochtaí na hearnála poiblí agus príobháidí a bhaineann le sláinte agus cúram sóisialta. Tá an Cathaoirleach mar chuid den tromlach tuata. Tá gach Comhalta den Chomhairle agus den Bhord Cláraithe ann ar bhonn deonach agus níl aon táillí Boird á bhfáil acu. Faigheann Cathaoirleach na Comhairle táille ainmnithe agus thug sé an táille seo, ar aon dul le héiteas na gcomhaltaí eile, do charthanas.

Soláthraíonn ceithre choiste na Comhairle saineolas agus comhairle shonrach don Chomhairle agus don Fheidhmeannacht sna limistéir a leanas:

- Iniúchadh, riosca agus rialachas
- Clárúchán
- Oideachas

- Oiriúnacht chun cleachtadh

## Ról na mBord Clárúcháin

Tá a mBord Clárúcháin féin ag gach gairm atá freagrach as clárú comhaltaí maidir lena ngairm faoi leith.

Baineann an sochar le leithdheighilt na bhfeidhmeanna idir an Chomhairle agus na Boird Chlárúcháin go gcinntítear go mbeidh ag gach gairm a rialáilfear comhlacht tiomanta nach ndíríonn ach ar chlárú agus ar chaighdeáin oideachais na gairme sin, agus cinntítear ionchur ó shaineolas sonrach gairmiúil tríd seo.

Tá gach Bord Clárúcháin freagrach as an méid a leanas:

- An Clár a bhunú agus a choimeád le haghaidh chomhaltaí na gairme sin
- Na cáilíochtaí a mheasúnú agus a aithint a baineadh amach lasmuigh den Stát
- Cláir oideachais agus oiliúna a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu, ar féidir iad a iontráil ar an gClár
- An cód iompair agus eitice gairmiúla a leagan amach
- Na riachtanais a shocrú le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach
- Tar éis faomhadh a fháil ón gComhairle, fodhlíthe a bhunú maidir lena bhfeidhmeanna clárúcháin agus oideachais.

Beidh 13 chomhalta dheonacha i ngach ceann de na Boird, is comhaltaí tuata den Bhord seachtar díobh, (a chiallaíonn nach comhaltaí na ngairmeacha iad atá á rialáil); agus is ón earnáil oideachais, fostóirí poiblí agus gníomhaireachtaí príobháideacha/deonacha a thagann comhalta amháin den seachtar; mar aon le seisear comhaltaí ó na gairmeacha faoi leith a dhéanann ionadaíocht d'oideachasóirí, bainisteoirí agus soláthróirí seirbhísí.

Nuair a bhunaítear gach ceann de na 12 Bhord Clárúcháin do na gairmeacha, beidh 156 comhalta Boird ann ar an iomlán. Tá ar gach Bord casadh ar a chéile ceithre huaire sa bhliain, ar a laghad, ach is gnách go gcasann siad ar a chéile 10 n-uaire sa bhliain, le dul chun cinn chlárú a ngairme a chinntiú.

# Ráiteas an Chathaoirligh



Ba bhliain ghnóthach agus bhisiúil eile 2014 don Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (CORU), fad a rinneamar an tsamhail rialála do ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn a chur chun cinn.

Ba lá fíor-thábhachtach an 31 Nollaig 2014 i dtaobh sábháilteacht phoiblí i gcóras sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann. Ar an lá sin, achtaíodh reachtaíocht a bhronn a gcumhachtaí reachtúla ar CORU chun tabhairt faoi Oiriúnacht chun Cleachtadh. Is mian liom aitheantas agus buíochas a chur in iúl dóibh siúd a d'oibrigh linn chun an gharsprioc seo a bhaint amach, go háirithe oifigigh na Roinne Sláinte agus an fhoireann ag CORU.

I measc na bhforbairtí suntasacha eile a rinneadh i rith na bliana, bhí:

- Osclaíodh na cláir le haghaidh Diaitéiteach agus Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga i nDeireadh Fómhair 2014. Ba chéim dhearfach bhreise seo i rialáil a dhéanamh ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh in Éirinn.

- Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí i mBealtaine 2014.

- Trí Bhord Clárúcháin Eatramhach na nGairmithe Radharceolaíochta a cheapadh ag an Aire Sláinte in Aibreán 2014, cuireadh tús leis an obair ullmhúcháin chun Bord na Radharceolaithe a aistriú isteach in CORU i nDeireadh Fómhair 2015. Leanfaidh bunú Bhord Clárúcháin na nGairmithe Radharceolaíochta go luath in 2015 leis an obair seo.

Ba mhian liom mo bhuíochas a chur in iúl do gach Comhalta den Chomhairle, do Chathaoirligh agus do Chomhaltaí an Choiste Riosca Iniúchta agus Rialachais, Airgeadas agus Acmhainní, Clárúcháin, Oideachais agus um Oiriúnacht chun Cleachtadh.

Sa mhullach air sin, is mian liom buíochas a ghabháil le Cathaoirligh agus le Comhaltaí na seacht mBord Clárúcháin – Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta, na Radagrafaithe, na nDiaitéiteach, na dTeiripeoirí Saothair, na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga agus le Bord Clárúcháin Eatramhach na nGairmithe Radharceolaíochta.

Ina theannta sin, ba dheas liom buíochas a ghlacadh leis an bPríomhfheidhmeannach, Ginny Hanrahan agus lena foireann bhainistíochta, Mary Griffin, Sinéad Boyle agus Aoife Sweeney agus an fhoireann ag CORU as ucht na hoibre a rinne siad chun tacú leis an gComhairle agus leis na Boird Chlárúcháin.

Ba mhaith liom buíochas a chur in iúl don Aire Sláinte, Leo Varadkar, agus do na hOifigigh, Deirdre Walsh agus Kieran Duffy, ag a Roinn as ucht a dtacaíochta leanúnaí lenár n-obair anseo in CORU.

Leanann CORU lena gcuid aidhmeanna a bhaint amach, faoi mar a leagtar amach iad inár Ráiteas Straitéise 2013-2016, a sholáthraíonn an chreatlach le haghaidh rialáil dhaingean agus éifeachtach.

Táim muiníneach go leanfaidh CORU ag cur go mór le sábháilteacht phoiblí sna blianta amach romhainn agus na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach á mbaint amach sa bhealach a oibríonn siad.

**Tom Jordan**

**Cathaoirleach**

**An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh**

# Réamhrá leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin



Bunaíodh CORU mar fhreagairt ar an gcastacht agus na héilimh a bhí ag dul i méid laistigh dár seirbhísí nua-aimseartha sláinte agus cúraim shóisialta. Fad a tháinig coincheap an chúraim chun cinn agus de réir mar a éiríonn córais sláinte níos casta i gcónaí, ba shoiléir gur theastaigh timpeallacht rialáilte, rialaithe agus shlán chun sábháilteacht an phobail a chinntiú, agus chun tacú leis na gairmithe, i gcomhthráth, a dhéanann cúram agus seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar.

Is deas liom a thabhairt le fios i mbliana, an dara bliain de Ráiteas Straitéise 2013-2016, gur lean CORU le céimeanna tábhachtacha a chur díothú i dtreo tabhairt faoi na cuspóirí seo. Osclaíodh dhá Chlár nua, agus tá anois líon ceithre ghairm ann anois a chláraíonn le CORU – Oibrithe Sóisialta, Radagrafaithe/Teiripeoirí Radaíochta, Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga agus Diaitéitigh. Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí, a chuir tús leis an ullmhúchán chun fisiteiripeoirí a chlárú. Bhunaigh an tAire Bord Clárúcháin Eatramhach na nGairmithe Radharceolaíochta, chomh maith, agus cuireadh tús lena n-obair chun Bord na Radharceolaithe a aistriú le haghaidh optaiméadraithe agus radharceolaithe dáilte chuig CORU.

Is é an t-ábhar is tábhachtaí ná gur achtaíodh cumhachtaí CORU chun scrúdú a dhéanamh ar ghearáin ó mhuintir an phobail faoi iompar gairmiúil gairmí sláinte agus cúraim shóisialta i mbliana, nuair a osclaíodh Oiriúnacht chun Cleachtadh an 31 Nollaig 2014.

Baineadh an dul chun cinn go léir seo amach, dar ndóigh, le tacaíocht, fuinneamh agus tiomantas ár gcomhaltaí den Chomhairle agus ár gcomhaltaí Boird, a sholáthraíonn léargas, saineolas, neamhspleáchas agus soiléireacht do go leor de na saincheisteanna agus na dúshláin a bhíonn romhainn fad a thugaimid faoin gcéad samhail rialála ilghairme in Éirinn a thógáil.

Tabharfaidh CORU tús áite in 2015 do chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní ag CORU, mar an Rialtóir ag a bhfuil sainchúram reachtúil chun an pobal a chosaint, chun tacú leis na boird chlárúcháin agus leis na comhaltaí boird ina gcuid oibre, agus an gá a aithint atá le héifeachtúlacht agus le luach ar airgead a bhaint amach do gach duine dár bpáirtithe leasmhara.

Níor bhain ár líon foirne na leibhéil a beartaíodh amach don leibhéal reatha gníomhaíochta, cé gur tháinig méadú air in 2014. Rinneamar ár bpróisis oibre a chuíchóiriú go mór, go háirithe trí úsáid chliste a bhaint as teicneolaíocht faisnéise, seachfhoinsiú agus/nó seirbhísí comhroinnte, san áit gurb indéanta. Ba mhian liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann go léir as ucht a n-iarrachtaí, a rannpháirtíochta, a nuálaíochta agus a dtiomantais leanúnaigh. Chomhordaigh CORU os cionn 93 cruinniú reachtúil in 2014, ghlac siad le go leor cuirí ó pháirtithe leasmhara chun páirt a ghlacadh i gcomhdhálacha agus i seimineáir agus d'fhoilsigh

siad seacht gcomhairliúchán phoiblí fad a d'ullmhaíomar na fodhlíthe riachtanacha dár mBoird Chlárúcháin.

Thug ár gcaidreamh dlúth oibre leis an Roinn Sláinte, go háirithe, an tAonad Rialála Gairmiúla, ár bpáirtithe leasmhara ar fud na ngairmeacha ainmnithe, an earnáil oideachais agus na fostóirí lámh chúnta leis an dul chun cinn a rinneadh ar chuspóirí CORU a bhaint amach.  Thar ceann CORU, is mian liom buíochas a chur in iúl dóibh as an tacaíocht agus an comhoibriú a taispeánadh i ngach ceann dár n-idirghníomhaíochtaí.

Ba mhian liom mo bhuíochas a léiriú do Chathaoirligh na Comhairle, Tom Jordan, agus le Cathaoirligh ár mbord clárúcháin – Cormac Quinlan (Oibrithe Sóisialta), Jason Last (Radagrafaithe), Helen Shortt (Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga), Elizabeth Barnes (Diaitéitigh), Clodagh Nolan (Teiripeoirí Saothair) Peter McGrath (Bord Clárúcháin Eatramhach na nGairmithe Radharceolaíochta), Anne Horgan (Fisiteiripeoirí); comhaltaí ár gComhairle agus ár mBord Clárúcháin a sholáthraíonn a gcuid ama, saineolais agus eolais dúinn ar bhonn deonach chun tabhairt faoin tseirbhís phoiblí seo.  Tá a gcuid tacaíochta agus treorach i gcaitheamh na bliana chomh ríthábhachtach céanna chun tacú leis an bhFeidhmeannacht a ndualgas a chomhlíonadh don phobal agus do na gairmeacha.



Ginny Hanrahan

**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

**An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh**

# Tuarascáil Bhliantúil na Comhairle

Tá tacaíocht laethúil na Comhairle agus na mBord Clárúcháin frámaithe thar líon limistéar agus leagtar amach na héachtaí laistigh de na limistéir seo thíos.

## Cáilíochtaí Idirnáisiúnta a Chlárú/Aithint

Is é clárúchán gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta bunchloch obair CORU chun an pobal a chosaint. Mar gheall ar chlárúchán, bíonn muinín ag muintir an phobail gur fios dóibh gur fíordheimhníodh seasamh agus cáilíochtaí gairmí go neamhspleách. Baineann gairmithe sochar ó chosaint a dteidil ghairmiúil, agus tacaítear leo trí chód iompair agus eitice gairmiúla.

I rith 2014, leanadh le dul chun cinn a dhéanamh i gclárúchán reachtúil a fhorbairt do na gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta.  Tá breis agus 3,700 Oibrí Sóisialta ar an gclár againn.  Tá líon beag iarratasóirí ann atá ag gabháil trí mheasúnacht ar inniúlacht ghairmiúil lena chinntiú go gcomhlíonann siad na caighdeáin riachtanacha, agus táthar ag diúltú líon beag iarratasóirí nár bhain amach na caighdeáin riachtanacha.

Tá dul chun cinn á dhéanamh ag Bord Clárúcháin na Radagrafaithe ina gcuid oibre chun cead isteach a thabhairt d'iarratasóirí chuig rannáin a gcláir do Radagrafaithe agus do Theiripeoirí Radagrafaíochta agus chun déileáil le hiarratasóirí nach gcomhlíonann na caighdeáin riachtanacha, roimh dheireadh a n-idirthréimhse an 31 Deireadh Fómhair 2015.

Osclaíodh na cláir do na Diaitéitigh agus na Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga an 31 Deireadh Fómhair 2014 le hidirthréimhse go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2016, tráth a bheidh ar gach duine de na cleachtóirí sna gairmeacha seo iarratas a bheith déanta acu ar chlárúchán. Osclófar clár na dTeiripeoirí Saothair an 31 Márta 2015.

Rinneadh dul chun cinn, chomh maith ar fhorálacha chun ligean do chleachtóirí nár oibrigh ar feadh breis agus dhá bhliain chun áit a bhaint amach, nó chun filleadh ar an gclár reachtúil, trí fhodhlíthe ina dtugtar cuntas ar an méid a theastaíonn chun Filleadh ar an gCleachtadh. Forordaíonn seo cad is gá d'iarratasóir a dhéanamh chun filleadh ar chleachtadh, mura raibh siad i mbun cleachtaidh ar feadh tréimhse idir dhá agus cúig bliana nó tréimhse os cionn cúig bliana.  Threoraigh creatlach na Comhairle na boird chlárúcháin maidir leis na riachtanais seo a leagan amach.

I mBealtaine, cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na bhFisiteoirí, agus bhí a gcéad chruinniú ar siúl i Meitheamh 2014, a lig don Bhord tús a chur lena n-obair chun córas rialála a bhunú dá ngairm, agus béim ar leith ar Chritéir agus Caighdeáin na hInniúlachta agus Cóid Iompair agus Eitice Gairmiúla a fhorbairt.  D'iarr an tAire ar chomhairle ón mBord ar conas déileáil leis an tsaincheist a bhaineann le teideal Teiripeoir Fisiceach a chosaint.

Cheap an tAire Bord Clárúcháin Eatramhach na nGairmithe Radharceolaíochta chomh maith chun cabhrú le CORU ullmhú chun clárúchán reachtúil Radharceolaithe agus Optaiméadraithe Dáilte a aistriú, nuair a chomhchuimseofar Bord na Radharceolaithe isteach in CORU. Tháinig an reachtaíocht riachtanach – an tAcht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha),

2014, i bhfeidhm sa dlí i Nollaig 2014, agus bhí sé de rún an obair seo a dhéanamh in 2015. Ceadaíonn an reachtaíocht seo Bord Clárúcháin na Radharceolaíochta a cheapadh, agus bunófar na feidhmeanna iomlána reachtúla go luath in 2015.

I gcaitheamh na bliana, lean CORU lena n-idirchaidreamh le Biúró Náisiúnta Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána d'fhonn teorainn a leagan ar an méid ama a ghlacann sé ó iarratasóirí Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a fháil. Cosaint thábhachtach is ea Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána don phobal agus tá sé éigeantach go mbíonn sé ag gach iarratasóir ar chlárúchán CORU. Ar a bharr sin, bhí siad eolach ar na hathruithe a tháinig ar an reachtaíocht a imreoidh tionchar ar a gcuid oibre, an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin san áireamh.

Leantar le córas clárúcháin ar líne CORU a fhorbairt. Chabhraigh athbhreithniú a rinneadh ar ár gcóras Clárúcháin chun na próisis a chuíchóiriú, agus a chinntiú, i gcomhthráth, go gcomhlíonaimid ár gceanglais reachtúla. Críochnófar an obair seo in 2015. Féadfaidh iarratasóirí ar chlárúchán iarratas a dhéanamh agus íoc as a dtáillí clárúcháin agus athnuachana ar líne. Leagann an rath a bhí ar an gcóras bonn daingean faoi bhainistíocht a dhéanamh ar chlárúchán amach anseo le haghaidh na ngairmeacha atá faoi shainchúram CORU.

Fad a d'oscail gach bord clárúcháin a gclár, rinneadh an tÚdarás Inniúil astu faoi reachtaíocht an AE, maidir le cáilíochtaí idirnáisiúnta a aithint. Seo limistéar fáis le haghaidh CORU. Tháinig athruithe ar an reachtaíocht san Eoraip, agus beidh an reachtaíocht seo le haistriú isteach sa dlí Náisiúnta faoi Eanáir 2016.

D'fhág Ceann an Chlárúcháin, Kieran Lenihan, CORU in Iúil chun tabhairt faoi phost le Tithe an Oireachtais agus guímid gach rath ar Kieran lena ról nua. Fógraíodh an post seo agus líonfar é go luath in 2015.

## Cód Iompair agus Eitice Gairmiúla

Is í Creatlach na Comhairle um Chód Iompair agus Eitice Gairmiúla an bhunchloch ar a mbunaíonn gach ceann de na Boird Chlárúcháin a gCóid faoi seach. Leagtar amach sna Cóid na caighdeáin iompair, feidhmíochta agus eitice nach mór do chomhalta den ghairm sin cloí leo i gcaitheamh a n-oibre. Beidh ar gach cláraí cloí le Cód reachtúil Iompair agus Eitice Gairmiúla.

Tá ceithre Chód Iompair agus Eitice Gairmiúla ag CORU faoi láthair: cóid d'Oibrithe Sóisialta, Radagrafaithe/Teiripeoirí Radaíochta, Diaitéitigh agus Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga. Tá gairmeacha na dTeiripeoirí Saothair, na bhFisteiripeoirí agus na Radharceolaíochta go léir ag oibriú chun na Cóid Iompair agus Eitice Gairmiúla a chríochnú dá ngairmeacha. Shainaithin gach bord clárúcháin cad iad na riachtanais uathúla dá ngairm agus shaincheap siad an chreatlach chun na riachtanais siúd a chomhlíonadh. Anuas air sin, rinneadh athruithe a tháinig ar shaincheisteanna maidir leis na meáin shóisialta, nochtadh oscailte do ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialta agus athruithe a tháinig ar an reachtaíocht a chur san áireamh. Déanfaidh an Chomhairle athbhreithniú iomlán ar cháipéis na creatlaí in 2015/6.

## Oideachas

Lean an Roinn Oideachais leis an obair a theastaigh a chomhordú chun na cúrsaí oideachais le haghaidh na ngairmeacha rialaithe a fhaomhadh agus chun monatóireacht a dhéanamh orthu – féach na sonraí i ngach ceann de thuarascálacha na mbord clárúcháin, le do thoil.

In 2014, d'oibrigh CORU go dlúth leis na soláthróirí oideachais le haghaidh cúrsaí oiliúna do Dhiaitéitigh agus Teiripeoirí Urlabhra, chun ligean don bhord clárúcháin ábhartha fodhlíthe Cáilíochta Faofa a dhéanamh, mar riachtanas chun na cláir a oscailte do na gairmeacha. Anuas air sin, dhéileáil an Coiste Oideachais le saincheist na gcáilíochtaí trasnáisiúnta den chéad uair, nuair a bhíonn oiliúint á soláthar ag oideachasóir do mhic léinn idirnáisiúnta, laistigh agus lasmuigh d'Éirinn, agus cáilíocht náisiúnta á bronnadh orthu. D'eascair athruithe ón obair seo ar conas a thugtar faoi na measúnachtaí mar aon le teimpléad ar conas déileáil le haon cháilíochtaí eile aistrithe.

Ceadóidh an tAcht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014 anois aon bhoird chlárúcháin amach anseo chun liosta cáilíochtaí FSS a úsáid mar bhealach chun clárúchán a chur chun cinn agus chun roinnt ama a thabhairt d'Ollscoileanna/Choláistí a chinntiú go gcomhlíonann a gcúrsaí na Critéir agus na Caighdeáin Inniúlachta, ionas gur féidir leis na céimithe iarratas a dhéanamh ar chlárúchán reachtúil.

Rinneadh dul chun cinn leanúnach in 2014 ar chreatlach na Comhairle um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a úsáid, a críochnaíodh i mbliana. Déanfaidh gach bord clárúcháin anois athbhreithniú ar an gcreatlach agus sainaithneoidh siad conas a bhainfidh sí lena gcuid gairmithe. Cuireann FGL le cleachtais shábháilte agus oiriúnacha agus baineann ríthábhacht leis chun an pobal a chosaint agus chun caighdeáin ghairmiúla a choimeád. Cuirfear tús le córais iniúchta dhá bhliain in 2015 le haghaidh oibrithe sóisialta agus radagrafaithe/teiripeoirí radaíochta.

Rinne an tionscadal TFC Oideachais dul chun cinn, chomh maith, as ar eascair tacaíocht TF chun 56 cúrsa, ar deireadh, a bhainistiú, óna dteastóidh Faomhadh agus Monatóireacht, mar aon le hullmhú a dhéanamh chun Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a iniúchadh.

I rith 2014, rinneadh an cinneadh chun an Coiste Oideachais agus Clárúcháin a roinnt ina dhá choiste ar leith, mar gheall ar an méid oibre a bhí le déanamh. Tá Marie Culliton (Clárúchán) agus Jackie Reed (Oideachas) mar chathaoirligh ar na coistí seo. Is mian leis an gComhairle buíochas a chur in iúl don dá choiste as ucht na hoibre a rinne siad leis na ceisteanna tábhachtacha seo.

## Oiriúnacht chun Cleachtadh

Cuireadh tús, an 31 Nollaig 2014, le Cuid 6 den Acht, a cheadaíonn do CORU glacadh le gearáin faoi chláraithe. Mar gheall air seo, bhunaigh CORU na córais chun déileáil le gearáin ar bhealach cothrom, ceart agus daingean. Ceadaíonn na cumhachtaí reachtúla do CORU smachtbhanna a chur ar chláraí, smachtbhanna atá chomh tromchúiseach leis an gcláraí a

bhaint den chlár, an smachtbhanna seo san áireamh, sa chás go dteastaíonn an gníomh seo ar mhaithe le cosaint an phobail.

I rith na bliana, tugadh faoi mhórobair lena chinntiú go raibh CORU réidh don chéim an-tábhachtach seo sa chóras clárúcháin reachtúil. Bhí orainn feidhmiú go cúramach d'fhonn go bhfuil an fhoireann cheart ar fáil le tabhairt faoin obair seo agus go bhfuil na nósanna imeachta agus na próisis chearta i bhfeidhm.

Réitigh an Coiste um Oiriúnacht chun Cleachtadh na Comhairle, faoi cheannaireacht an Chathaoirligh, Kristin Quinn i dteannta Sinead Boyle, (Ceann Gnóthaí Dlí agus um Oiriúnacht chun Cleachtadh) agus Majella Walsh, (Bainisteoir um Oiriúnacht chun Cleachtadh) agus le tacaíocht Mary Griffin (Ceann Seirbhísí Corparáideacha) agus John Conroy (Bainisteoir Cumarsáide) an obair mhionsonraithe go léir a theastaigh. Chinntigh siad, chomh maith leis in, go raibh an fhaisnéis don phobal, na cláraithe agus na fostóirí intuigthe agus soiléir. Thug an Roinn Sláinte tacaíocht, chomh maith, chun an fhoireann a fháil chun tacú leis an bhfeidhm nua seo.

Is mian linn buíochas a ghabháil, chomh maith, lenár gcomhrialtóirí as a n-eolas agus an méid atá foghlamtha acu a roinnt linn. Ina measc tá Comhairle na nDochtúirí Leighis, an Bord Altranais agus Cnáimhseachais, an Chomhairle Fiaclóireachta, Cumann Cógaiseoirí na hÉireann agus Comhairle na nGairmithe Cúram Sláinte sa Ríocht Aontaithe agus Comhairle Cúraim Shóisialta Thuaisceart Éireann; mar aon lenár gcomhairleoirí dlí agus meán.

## Seirbhísí Dlí

Rinneadh leasuithe ar ár reachtaíocht in 2014 tríd an Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014, a achtaíodh i Nollaig 2015. Leanann ár rannán dlí le comhairle a chur ar fáil ar fhorbairtí CORU agus ar léirthuiscint a bhaint as Acht 2005; an tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (Leasú), 2012 agus an reachtaíocht nua seo. D'oibrigh na seirbhísí dlí go dlúth leis an gComhairle agus leis an Roinn Sláinte agus tugadh moladh do CORU ar leasuithe ar an reachtaíocht rialála.

Cuireadh tús le hobair ar ullmhú a dhéanamh do na hathruithe dlí a bheidh ar bun chun Bord na Radharceolaithe a aistriú chuig CORU.

D'fhaomh an Chomhairle an próiseas achomhairc clárúcháin chun ligean don Chomhairle déileáil leis an méid a leanas

- achomharc i gcoinne cinneadh bord clárúcháin chun clárúchán a dhiúltú;
- ionchúisimh a dhéanamh mar gheall ar theideal faoi chosaint a úsáid;
- comhairle a chur ar bhoird chlárúcháin maidir le cinntí casta ar cheisteanna clárúcháin, agus
- comhairle a sholáthar ar chinntí dúshlánacha a bhaineann le ceisteanna oideachais.

## Cúnamh a thabhairt don Chomhairle agus do Bhoird Chlárúcháin chun Soláthar a dhéanamh faoina Sainchúram

Braitheann CORU ar an úsáid a bhaineann siad as measúnóirí chun cabhrú le go leor dá bhfeidhmeanna

### Clárúchán

- Measúnacht a dhéanamh ar Inniúlacht Ghairmiúil
- Measúnacht a dhéanamh ar iarratais ar Cháilíochtaí Idirnáisiúnta a aithint
- Measúnacht a dhéanamh ar phunanna um Fhilleadh ar Chleachtas

Oideachasóirí agus cleachtóirí na ngairmeacha iad na daoine a oibríonn mar mheasúnóirí thar ceann na mbord clárúcháin chun úsáid a bhaint as a n-eolas, scileanna agus breithiúnas chun faisnéis a sholáthar do na boird chlárúcháin ar shaincheisteanna a dhéileálann le cáilíochtaí a chlárú agus a aithint.

### Oideachas

- Comhaltaí na gCoistí Athbhreithnithe chun Monatóireacht agus Faomhadh a dhéanamh ar chúrsaí Oideachais

Ní mór athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar gach cúrsa gach cúig bliana, lena n-áirítear athbhreithnithe ar pháipéarachas agus cuairteanna ar an suíomh. Tá duine léannta ón ngairm ó scoil eile; cláraí, ionadaí de chuid na bhfostóirí agus ionadaí de chuid an phobail i gcoitinne sna coistí seo.

### Oiriúnacht chun Cleachtadh

Tar éis gur cuireadh tús le hOiriúnacht chun Cleachtadh, thosaigh CORU le comhaltaí a earcú don Choiste Réamhimeachtaí, a dhéileálann le gach gearán a fhaightear. Áirítear leis seo painéal ina bhfuil daoine tuata a bhfuil taithí mhaith rialála acu agus comhaltaí na ngairmeacha a rialaítear. Ní comhaltaí de bhoird chlárúcháin nó den Chomhairle aon duine.

D'fhaomh an Chomhairle Cód Iompair do Mheasúnóirí a chabhraíonn le CORU lena gcuid oibre in 2014 agus cinntíonn sé go gcuirtear an oiliúint, tacaíocht agus treorú riachtanach ar gach duine na measúnóirí ina gcuid oibre.

## Cumarsáid

De réir mar a leanaimid lenár n-obair a chur chun cinn i gClárúchán, Oideachas agus Oiriúnacht chun Cleachtadh, is tábhachtach go bhfuil an pobal agus príomhpháirtithe leasmhara eile ar an eolas faoi ról CORU agus go dtuigeann siad é.

Leanann aonad cumarsáide a bunaíodh anuraidh le hidirchaidreamh a dhéanamh le comhaltaí na ngairmeacha agus lena gcomhlachtaí gairmiúla, a gceardchumainn, a n-oideachasóirí, a bhfostóirí agus a ngrúpaí abhcóideachta othar trí na bealaí a úsáid a shíltear is éifeachtaí. Cuireadh feabhas ar an láithreán gréasáin agus tugadh 112,454 cuairt uathúil air in 2014. Cuireadh réimse nua de threoracha faisnéise i dtoll a chéile, agus díríodh i mbliana ar an ngá leis an bpobal a chur ar an eolas ar Oiriúnacht chun Cleachtadh. Ina measc bhí:

- CORU – Treoir maidir le hOiriúnacht chun Cleachtadh.
- CORU – Oiriúnacht chun Cleachtadh – Treoir d'Fhostóirí.
- CORU – Oiriúnacht chun Cleachtadh – Treoir do Chláraithe.

Ar aon dul le dea-chleachtas san inrochtaineacht, bhain gach ceann de na treoracha seo marc an Bhéarla Neamhchasta amach ón Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALA).

I rith 2014, bhí 10 gcomhairliúchán phoiblí ar siúl, ag na boird éagsúla chlárúcháin, maidir le fodhlíthe a bhí orthu a dhéanamh chun a n-obair sa chlárúchán a chur chun cinn. I measc na samplaí, tá an fodhlí um Thoghadh do Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta; na fodhlíthe don Chód Iompair agus Eitice Gairmiúla do Dhiaitéitigh, Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga agus Teiripeoirí Saothair; an fodhlí um Fhilleadh ar Chleachtadh do Bhord Clárúcháin na Radagrafaithe agus na Critéir agus na Caighdeáin Inniúlachta d'Fhisiteiripeoirí.

Rinneadh roinnt cur i láthair do ghairmithe ar fud na tíre, ag áiteanna fostaíochta, le cabhair ó chomhlachtaí agus ceardchumainn ghairmiúla, mar aon le cur i láthair do chéimithe bliana deiridh chun iad a chur ar an eolas faoi conas clárú le CORU.

## Freagracht Chorparáideach

In athbhreithniú ar na próisis rialachais chorparáidigh in CORU, comhaontaíodh chur deireadh a chur leis an gCoiste Airgeadais agus Luach Saothair agus chun an obair a roinnt idir an fheidhmeannacht agus an Coiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais. Fuarthas comhairle ónar seirbhís tacaíochta Cuntasaíochta lena chinntiú gur tugadh faoin obair seo go hoiriúnach.

## Seirbhísí Corparáideacha

Tá sé ina ríthábhacht go bhfuil ár n-eagraíocht oiriúnach don chuspóir agus go bhfuil dóthain acmhainní acu lena chur ar ár gcumas tacú leis an gComhairle agus leis na Boird Chlárúcháin chun a sainchúraim reachtúla a chomhlíonadh. Lean Seirbhísí Corparáideacha le bainistíocht a dhéanamh ar phríomhlimistéir laistigh de CORU, lena n-áirítear an Fheidhm Airgeadais, Acmhainní Daonna, TFC, Seirbhís do Chustaiméirí agus Cumarsáid, Rialachas Corparáideach agus Iniúchadh Inmheánach.

Tá sainchúram tábhachtach ag Seirbhísí Corparáideacha chun feidhmeanna seirbhíse na heagraíochta a fhorbairt.  I gcaitheamh 2014, rinneadh breis acmhainní a infheistiú in AD chun riachtanais soláthair foirne agus eagraíochtúla CORU a bhainistiú. Rinneadh seo chun tacú le 11 phost bhreise a earcú chun tabhairt faoi obair CORU a fhairsingiú.

## An Fóram Rialachais don Chathaoirleach agus do POF Gníomhaireachtaí Sláinte

Lean CORU de bheith mar chuid den fhóram seo mar chomhalta d'Fhóram na Rialtóirí Sláinte agus Cúraim Shóisialta agus ghlac siad ról gníomhach in obair an fhóraim in 2014.

# 5. Cruinnithe agus Coistí na Comhairle

**An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh**

**Líon chruinnithe na Comhairle i rith 2014: 7**

**Comhaltaí agus Freastal ar chruinnithe na Comhairle in 2014**

| Ainm | An 27 Fea | An 27 Már | An 15 Bea | An 25 Iúil | An 18 M.F. | An 20 Sam | An 18 Nol |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Odhrán Allen | √ | √ | SB | SB | SB | SB | SB |
| Richard Booth | √ | X | √ | X | √ | √ | √ |
| Jenny Bulbulia | √ | √ | √ | √ | √ | X | √ |
| Declan Carey | √ | √ | √ | √ | √ | X | √ |
| Marie Culliton | √ | √ | X | X | √ | √ | √ |
| Peter Davison*** | √ | √ | √ | X | √ | √ | √ |
| Mo Flynn | N | N | X | √ | X | √ | X |
| Muiris FitzGerald | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| Martin Higgins | √ | √ | √ | √ | √ | √ | X |
| Tom Jordan* | √ | √ | √ | X | √ | √ | √ |
| Deirdre Madden | √ | √ | X | X | √ | X | √ |
| Joe Martin | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| Tony McAleer | √ | √ | √ | √ | X | X | √ |
| Bernard McCartan | N | N | N | √ | √ | √ | √ |
| Caroline McIntosh | √ | √ | X | X | √ | SM | SM |
| Halóg Mellett | √ | √ | X | √ | √ | √ | SM |
| Michele Monahan | √ | √ | √ | √ | √ | √ | X |
| Maeve Murphy | √ | √ | √ | X | √ | √ | √ |
| John O'Mullane | √ | √ | √ | X | X | √ | √ |
| David Power | √ | √ | √ | √ | X | √ | X |
| Kristin Quinn** | √ | X | X | √ | √ | √ | √ |
| Jackie Reed | √ | √ | √ | X | √ | √ | √ |
| Vivienne Starr*** | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| Emma Stokes | X | √ | √ | X | √ | X | X |

**Gluais maidir le freastal ar chruinnithe:** √: arna fhreastal X: leithscéalta nó as láthair SM: Saoire Mháithreachais SB – saoire bhreoiteachta *: Cathaoirleach N: níl sé/sí ar an gComhairle ag an dáta seo *** Stádas breathnóra ** Cathaoirleach Gníomhach

Cheap an tAire Sláinte Mo Flynn agus Bernard McCartan leis an gComhairle i rith 2014.

**Bhí ceithre choiste ag an gComhairle in 2014:**

- Iniúchadh, Riosca agus Rialachas
- Clárúchán
- Oideachas
- Oiriúnacht chun Cleachtadh

## An Coiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais

**Ról:** Athbhreithniú a dhéanamh agus chun maoirsiú a sholáthar ar iontaofacht agus sláine na gcóras airgeadais, rialú inmheánach agus faisnéis oibríochtúil, athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis rialachais chorparáidigh agus ar chórais bhainistíochta riosca.

**Ballraíocht**

Martin Higgins Cathaoirleach, Odhrán Allen, Maeve Murphy, Harry McGeary, Declan Purcell, Tony Mc Aleer, Bernard McCartan (ceaptha i Samhain 2014).

**Téarmaí Tagartha**

Faoi Alt 23 (1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (an tAcht), bunaítear an Coiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais ag an gComhairle chun tabhairt faoi na feidhmeanna a leanas:

1. Comhairle a chur ar an gComhairle agus an POF (mar Oifigeach Cuntasaíochta) ar iniúchóirí inmheánacha a cheapadh;

2. Ionadaíocht a dhéanamh don Chomhairle, gan dochar a dhéanamh dóibh, ina gcaidreamh leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, mar iniúchóir seachtrach CORU;

3. Cláir agus táillí iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh a fhaomhadh;

4. Athbhreithniú a dhéanamh ar litreacha bainistíochta iniúchóirí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ar aon tuarascálacha eile agus tuairisciú a dhéanamh orthu seo don Chomhairle, faoi mar is cuí;

5. Tuarascálacha a fháil ar an bplean oibre iniúchta inmheánaigh agus chun gníomh cuí a bhreithniú a eascraíonn uathu;

6. Athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascáil bhliantúil agus ar chuntais na Comhairle ó pheirspictíocht rialachais agus rialaithe airgeadais agus chun moltaí a dhéanamh don Chomhairle agus don POF (mar Oifigeach Cuntasaíochta), faoi mar is cuí;

7. Idirchaidreamh a dhéanamh leis an gCoiste Airgeadais agus Acmhainní maidir le tuarascálacha ar airgeadas agus acmhainní;

8. Breithniú a dhéanamh ar cibé acu an leor na próisis bhainistíochta riosca i dtaobh gach riosca a bhfuil an Chomhairle nochta dóibh agus chun bearta chun na rioscaí a

dhíbirt nó chun maolú a dhéanamh ina leith a fhaomhadh, nó, sa chás go measann an Coiste go bhfuil saincheisteanna tábhachtacha beartais i gceist, a mholadh don Chomhairle na bearta siúd a fhaomhadh;

9. Ar iarratas na Comhairle, comhairle a chur orthu maidir le saincheisteanna rialachais chorparáidigh (ach gan dochar a dhéanamh do chumhacht an Choiste chun moltaí a dhéanamh don Chomhairle, ar shaincheisteanna rialachais chorparáidigh a eascraíonn ó obair na n-iniúchóirí);

10. Tabhairt faoi fheidhmeanna sannta eile faoi mar a fhorordóidh an Chomhairle ó thráth go tráth;

11. Casfaidh an Coiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais ar a laghad 4 huaire i rith na bliana.

**Líon na gcruinnithe i rith 2014: 6**

**Príomhghníomhaíochtaí in 2014**

- Athbhreithniú agus faomhadh na ráiteas airgeadais don bhliain dar críoch 2013 lena gcur faoi bhráid an A-R C agus C.
- Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha airgeadais.
- Athbhreithniú agus scrúdú a dhéanamh ar Thuarascálacha an Iniúchóra Inmheánaigh agus chun moltaí a dhéanamh don Chomhairle.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar Bheartas Bainistíochta Riosca CORU agus athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar na córais bhainistíochta riosca agus moltaí a dhéanamh don Chomhairle.
- Athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar an gCód Rialachais Chorparáidigh.
- Beartas um Luach ar Airgead agus Beartas Fáilteachais
- Beartas Caidrimh Straitéisigh.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais rialachais chorparáidigh le scor an Choiste Airgeadais agus Luach Saothair.

## Freastal - An Coiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais

| Ainm | An 5 Fea | An 13 Már | An 23 Iúil | An 17 M.F. | An 5 Sam | An 3 Nol |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Martin Higgins* | √ | √ | √ | √ | X | √ |
| Odhran Allen | √ | √ | SB | SB | SB | SB |
| Maeve Murphy | X | √ | X | √ | √ | √ |
| Harry McGeary | √ | √ | √ | X | √ | √ |
| Declan Purcell** | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| Tony McAleer | √ | √ | √ | X | √ | √ |
| Bernard McCartan | N | N | N | N | N | √ |

- **Gluais maidir le freastal ar chruinnithe:** √: arna fhreastal X: leithscéalta nó as láthair

  SB: saoire bhreoiteachta *: Cathaoirleach
- N: níl sé/sí ar an gComhairle ag an dáta seo ** - Cathaoirleach Gníomhach

## An Coiste Airgeadais agus Acmhainní

**Ról:** Comhairle a chur ar an gComhairle ar bhainistíocht airgeadais agus ar riachtanais acmhainní

**Líon na gcruinnithe in 2014: 1**

D'athshann an Chomhairle dualgais an Choiste seo idir an Coiste Iniúchta, Riosca agus Rialachais agus an Chomhairle i bhFeabhra 2014.

**Ballraíocht:**

Martin Higgins (Cathaoirleach), Tony McAleer, Caroline McIntosh, Joe Martin, Inez Bailey.

**Príomhghníomhaíochtaí in 2014:**

- Athbhreithniú déanta ar na dréachtráitis airgeadais don bhliain dar críoch 2013.
- Athbhreithniú déanta ar dhréachtbhuiséad agus ar dhréachtphlean 2014.
- Athbhreithniú agus monatóireacht déanta ar thuarascálacha ioncaim agus caiteachais, athraithis san áireamh.

## An Coiste Clárúcháin agus Oideachais

Chas an coiste seo ar a chéile go dtí Meán Fómhair 2014, nuair a cuireadh cinneadh na Comhairle i bhfeidhm chun na coistí a dheighilt isteach sa Choiste Oideachais agus sa Choiste Clárúcháin, mar gheall ar éilimh oibre.

**Ról:** Comhairle a chur ar an gComhairle ar bheartais agus nósanna imeachta maidir le clárúchán agus le hoideachas

**Ballraíocht**

An Dr Ann Taylor; Halóg Mellett; Maeve Murphy; Jackie Reed; Odhrán Allen; an tOllamh Muiris Fitzgerald; Lorraine Horgan; Marie Culliton; Peter Davison

**Téarmaí Tagartha**

Tá an Coiste Clárúcháin agus Oideachais bunaithe ag an gComhairle chun tabhairt faoi na feidhmeanna a leanas:

**Clárúchán**

- Comhairle a chur ar an gComhairle ar bheartais a bhaineann leis an bpróiseas clárúcháin
- Comhairle a chur ar an gComhairle ar bheartas maidir le cáilíochtaí neamhnáisiúnta a aithint agus ar stádas inniúil údaráis faoi Threoir an AE 2005/36/CE
- Comhairle a chur ar an gComhairle ar bheartas maidir le déileáil le hiarratais (a) ar mian leo filleadh ar chleachtas, (b) le cáilíochtaí stairiúla agus (c) ar mian leo aistarraingt ón gclár
- Comhairle a chur ar an gComhairle ar bheartas maidir le measúnú a dhéanamh ar iarratais faoi Alt 91 den Acht
- Comhairle a chur ar an gComhairle ar bheartas maidir le cláir a choimeád
- Comhairle a chur ar an gComhairle maidir le Rialacha a dhéanamh faoi Alt 22 maidir leis na ceisteanna a leanas:-
    - An fhoirm agus an bealach ina bhfuil boird chlárúcháin le cláir a choimeád
    - Na sonraí a bhaineann le cláraitheoirí, anuas ar a n-ainmneacha, atá le hiontráil i gcláir
    - Cláir a roinnt ina ndeighiltí sonraithe le haghaidh catagóirí éagsúla cláraithe
- Comhairle a chur ar an gComhairle chun fodhlíthe a fhaomhadh le haghaidh:-
    - Iarratais ar chlárúchán
    - Iarratais ar áit a bhaint amach arís ar an gclár
    - Coinníollacha le haghaidh clárúcháin i ndeighilt an chláir má údaraíonn an Chomhairle sin
    - Critéir chun áit a bhaint amach arís ar an gclár

**Oideachas**

- Comhairle a chur ar an gComhairle ar bheartas maidir le hoideachas agus oiliúint ar mhaithe le clárúchán chun faomhadh agus monatóireacht a dhéanamh ar chláir oideachais agus oiliúna

- Comhairle a chur ar an gComhairle ar bheartas maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)

- Comhairle a chur ar an gComhairle maidir le Treoirlínte a eisíodh do bhoird chlárúcháin maidir le FGL

**An Chomhairle agus Boird Chlárúcháin**

- Tabhairt faoi Mheasúnú ar Riachtanais Oiliúna do Chomhaltaí na Comhairle agus na mBord Clárúcháin maidir lena gcuid oibre do CORU.

- Comhairle a sholáthar faoi chlár oideachais agus oiliúna do chomhaltaí na Comhairle agus na mbord clárúcháin agus chun an clár sin a fhorbairt.

**Líon na gcruinnithe in 2014: 5**

**Príomhghníomhaíochtaí in 2014:**

- Comhairle curtha ar fáil ar riachtanais Athbhreithniú an Phróisis Chlárúcháin agus comhaontú a dhéanamh ar an scóip oibre
- Cur i bhfeidhm an mhéid thuas arna fhaomhadh agus monatóireacht déanta air
- Nuashonrú déanta ar Aitheantas an Bheartais agus na gCritéar Idirnáisiúnta Cáilíochtaí
- Nuashonrú agus forbairt Beartais a dhéanamh ar Chritéir agus Caighdeáin na hInniúlachta le haghaidh Chreatlach na gClár Oideachais agus Oiliúna agus do riachtanais maidir le socrúcháin chleachtais
- Na Critéir agus na Caighdeáin a chur le chéile a theastaíonn chun Faomhadh agus Monatóireacht a dhéanamh ar Chláir Oideachais do na gairmeacha ainmnithe
- Comhairle a chur ar an lucht bainistíochta faoi Fhaomhadh agus Monatóireacht a dhéanamh ar chláir ar bhealach trasnáisiúnta
- Comhairle tugtha ar an tairiscint le haghaidh Seirbhísí Taighde agus Forbartha Beartais d’Oideachas
- Athbhreithniú agus leasú déanta ar an tuarascáil feidhmiúcháin ar ullmhú do rialáil Comhairleoirí agus Síciteiripeoirí don Aire Sláinte
- Comhairle agus moltaí tugtha don Chomhairle maidir le beartas um Fhianú Eolais Theangeolaíoch
- Comhairle agus moltaí tugtha don Chomhairle maidir leis an nuashonrú a bhain leis an gCreatlach um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach
- I ndiaidh moltaí a fháil ó Athbhreithniú an Phróisis Chlárúcháin, comhairle agus moltaí tugtha don Chomhairle maidir le roinnt an Choiste ina dhá choiste – an Coiste Oideachais agus an Coiste Clárúcháin i ndiaidh Mheán Fómhair 2014.

## Freastal – An Coiste Oideachais agus Clárúcháin

| Ainm | An 14 Ean | An 18 Fea | An 09 Aib | An 04 Mei | An 10 Iúil | An 10 M.F. |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ann Taylor | √ | X | √ | X | X | √ |
| Odhrán Allen | X | X | √ | SB | SB | SB |
| Lorraine Horgan | √ | X | x | √ | √ | X |
| Maeve Murphy | √ | √ | x | X | X | √ |
| Jackie Reed* | √ | √ | x | √ | √ | √ |
| Muiris FitzGerald | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| Marie Culliton | X | X | x | X | √ | √ |
| Halóg Mellett | X | √ | √ | √ | √ | SM |
| Peter Davison | √ | X | √ | √ | X | √ |

**Gluais maidir le freastal ar chruinnithe:** √: arna fhreastal X: leithscéalta nó as láthair

SB: Saoire bhreoiteachta SM: Saoire mháithreachais *: Cathaoirleach

## An Coiste Oideachais

**Ról:** Comhairle a chur ar an gComhairle ar bheartais agus nósanna imeachta maidir le hoideachas

**Ballraíocht**

An Dr Ann Taylor; Halóg Mellett; Jackie Reed (Cathaoirleach); an tOllamh Muiris Fitzgerald; Lorraine Horgan; Peter Davison

**Téarmaí Tagartha**

Tá an Coiste Oideachais bunaithe ag an gComhairle chun tabhairt faoi na feidhmeanna a leanas:

- Beartais a fhorbairt a chuirfidh faisnéis ar fáil do na nósanna imeachta agus na próisis a fhorbairt d'fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh ar cháilíochtaí agus cláir
- Caighdeáin bhainistíochta cáilíocht oideachais a fhorbairt ar mhaithe le rialáil
- Creatlach a fhorbairt ar mhaithe leis na Caighdeáin Inniúlachta do ghairmeacha faoin Acht
- Comhairle a chur ar an gComhairle ar bheartas maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)
- Comhairle a chur ar an gComhairle maidir le Treoirlínte a eisíodh do Bhoird Chlárúcháin maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)
- Beartas agus creatlach a mholadh maidir le Cuid 5 den Acht
- Na rioscaí a shainaithint a bhaineann le beartais a fhorbairt agus cáilíochtaí agus cláir a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Comhairle a sholáthar maidir le bainistíocht riosca, i dtaca le Cuid 5 den Acht agus FGL.
- Déanfaidh an Coiste Oideachais agus an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha, CORU, athbhreithniú gach bliain ar na Téarmaí Tagartha.

**Líon na gcruinnithe in 2014: 2**

**Príomhghníomhaíochtaí in 2014:**

- Comhairle curtha ar cháilíochtaí agus clár faofa a nascadh
- Rinneadh Faomhadh agus Monatóireacht ar an bPlean Forbartha Beartas Oideachais
- Tugadh na Téarmaí Tagartha chun críche don Choiste
- Cuireadh comhairle agus moltaí ar fáil don Chomhairle ar Idirthréimhsí chun Ceanglais Rialála a chur i bhfeidhm
- Moladh dréacht-treoirlínte don Chomhairle maidir le Boird Chlárúcháin maidir leis an bhFodhlí Cáilíochtaí Faofa a dhéanamh

- Rinneadh athbhreithniú ar shaincheisteanna a bhain le hAitheantas Réamfhoghlama
- Cuireadh comhairle ar fáil maidir leis an tairiscint chun Athbhreithniú a dhéanamh ar na Critéir agus na Caighdeáin Inniúlachta do chláir Oideachais

## Freastal – An Coiste Oideachais

| Ainm | An 08 D.F. | An 05 Sam |
|---|---|---|
| Ann Taylor | √ | √ |
| Lorraine Horgan | √ | X |
| Peter Davison | X | √ |
| Jackie Reed* | √ | √ |
| Muiris FitzGerald | X | √ |
| Marie Culliton | √ | √ |
| Halóg Mellett | √ | √ |

**Gluais maidir le freastal ar chruinnithe:** √: arna fhreastal X: leithscéalta nó as láthair *: Cathaoirleach

## An Coiste Clárúcháin

**Ról:** Comhairle a chur ar an gComhairle ar bheartais agus nósanna imeachta maidir le clárúchán

**Ballraíocht**

Halóg Mellett; Maeve Murphy; Marie Culliton (Cathaoirleach); Joe Martin

**Téarmaí Tagartha**

Tá an Coiste Clárúcháin bunaithe ag an gComhairle chun tabhairt faoi na feidhmeanna a leanas:

**Clárúchán**

- Comhairle a chur ar an gComhairle ar bheartais a bhaineann leis an bpróiseas clárúcháin

- Comhairle a chur ar an gComhairle ar bheartas maidir le cáilíochtaí neamhnáisiúnta a aithint agus ar stádas inniúil údaráis faoi Threoir an AE 2005/36/CE

- Comhairle a chur ar an gComhairle ar bheartas maidir le déileáil le hiarratais (a) ar mian leo filleadh ar chleachtas, (b) le cáilíochtaí stairiúla agus (c) ar mian leo aistarraingt ón gclár

- Comhairle a chur ar an gComhairle ar bheartas maidir le measúnú a dhéanamh ar iarratais faoi Alt 91 den Acht

- Comhairle a chur ar an gComhairle ar bheartas maidir le cláir a choimeád

- Comhairle a chur ar an gComhairle maidir le Rialacha a dhéanamh faoi Alt 22 maidir leis na ceisteanna a leanas:-
  - An fhoirm agus an bealach ina bhfuil boird chlárúcháin le cláir a choimeád
  - Na sonraí a bhaineann le cláraitheoirí, anuas ar a n-ainmneacha, atá le hiontráil i gcláir
  - Cláir a roinnt ina ndeighiltí sonraithe le haghaidh catagóirí éagsúla cláraithe

- Comhairle a chur ar an gComhairle chun fodhlíthe a fhaomhadh le haghaidh:-
  - Iarratais ar chlárúchán
  - Iarratais ar áit a bhaint amach arís ar an gclár
  - Coinníollacha le haghaidh clárúcháin i ndeighilt an chláir má údaraíonn an Chomhairle sin
  - Critéir chun áit a bhaint amach arís ar an gclár

**Líon na gcruinnithe in 2014: 3**

**Príomhghníomhaíochtaí in 2014:**

- Rinneadh monatóireacht agus cuireadh comhairle ar fáil ar fheabhsúcháin a chur i bhfeidhm a eascraíonn ón Athbhreithniú ar an bPróiseas Clárúcháin

- Cuireadh comhairle ar fáil don Chomhairle agus moladh beartas Creatlaí um Fhilleadh ar Chleachtas dóibh
- Moladh don Chomhairle an tuarascáil ar rialáil Comhairleoirí agus Síciteiripeoirí don Aire Sláinte

## Freastal – An Coiste Clárúcháin

| Ainm | An 10 D.F. | An 06 Sam |
|---|---|---|
| Joe Martin | √ | √ |
| Maeve Murphy | √ | √ |
| Marie Culliton* | √ | √ |
| Halóg Mellett | √ | √ |

**Gluais maidir le freastal ar chruinnithe:** √: arna fhreastal X: leithscéalta nó as láthair *: Cathaoirleach

## An Coiste um Oiriúnacht chun Cleachtadh

**Ról:** Tacú le forbairt na feidhme um Oiriúnacht chun Cleachtadh

**Ballraíocht:**

Kristin Quinn (Cathaoirleach), Deirdre Madden, Emma Stokes*, Fionnuala Cook, Jenny Bulbulia, Marie Culliton*, Mary O'Donnell, Richard Booth, Ursula Fernee*, Mo Flynn*

*Ní raibh siad ar an gCoiste don bhliain iomlán.

**Téarmaí Tagartha**

Tá an Coiste um Oiriúnacht chun Cleachtadh bunaithe ag an gComhairle chun tabhairt faoi na feidhmeanna a leanas:

- Comhairle a chur ar an gComhairle ar chreatlach a fhorbairt a chuirfidh faisnéis ar fáil do na nósanna imeachta agus na próisis a fhorbairt a dhéileálann le Gearáin, Fiosrúcháin agus Disciplín faoi Chuid 6 den Acht thar cheann na Comhairle.

- Comhairle a chur ar an gComhairle ar fhorbairt beartais i ngach ceist – Gearáin, Fiosrúcháin agus Disciplín.

- Comhairle a chur ar an gComhairle ar chinntiúchán agus ar chritéir a chur i bhfeidhm chun déileáil le Gearáin, Fiosrúcháin agus Disciplín faoin Acht.

- Comhairle a chur ar fhorbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreatlach don Chomhchód Iompair agus Eitice Gairmiúla thar ceann na Comhairle.

- Comhairle a chur ar phróisis agus nósanna imeachta a bhunú agus a athbhreithniú chun déileáil le hiarratasóirí atá le clárú nó le haithint a dhéanann achomharc ar chinntí maidir le clárúchán nó aitheantas.

- Comhairle a chur ar bheartais, próisis agus nósanna imeachta a bhunú agus a athbhreithniú a eascraíonn ó chumhacht reachtúil na Comhairle chun imeachtaí achomair a thosú agus a ionchúiseamh i dtaca le haon chion a dhéantar faoin Acht.

**Líon na gcruinnithe in 2014: 6**

**Príomhghníomhaíochtaí in 2014:**

- Cuireadh comhairle agus tacaíocht ar fáil don Chomhairle i dtaca le cur i bhfeidhm um Oiriúnacht chun Cleachtadh a oscailt an 31 Nollaig 2014.
- Áiríodh leis seo comhairle ar bheartais, nósanna imeachta, cumarsáid, bonneagar agus plean acmhainní, lena n-áirítear treoir ar na próisis le haghaidh earcú, oiliúint agus riachtanais chomhaltaí na gCoistí Réamhimeachtaí.
- Cuireadh comhairle ar fáil ar Threoirlínte Idirghabhála a fhaomhadh sa phróiseas um Oiriúnacht chun Cleachtadh.

- Críochnaíodh na hullmhúcháin do Phróiseas Achomhairc Chlárúcháin na Comhairle.
- Cuireadh comhairle ar fáil ar athruithe ar Aitheantas na Comhairle ar Phróiseas Achomhairc cháilíochtaí idirnáisiúnta.
- Cuireadh comhairle ar fáil ar riachtanais le haghaidh leasuithe reachtúla.

## Freastal: An Coiste um Oiriúnacht chun Cleachtadh

| Ainm | 4 Fea | 22 Bea | 14 Iúil GC | 4 M.F. | 6 Sam | 18 Nol |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Richard Booth | √ | √ | X | √ | √ | √ |
| Jenny Bulbulia | X | √ | √ | X | √ | √ |
| Fionnuala Cook | √ | X | X | √ | X | √ |
| Marie Culliton | √ | X | √ | √ | N | X |
| Ursula Fernée | X | √ | X | N | X | N |
| Mo Flynn | N | N | N | N | X | X |
| Kristin Quinn* | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| Emma Stokes | X | √ | X | X | √ | N |
| Deirdre Madden | √ | √TC | X | X | X | √ |
| Mary O'Donnell | √ | √ | √ | √ | √ | √ |

**Gluais maidir le freastal ar chruinnithe:** √: arna fhreastal X: leithscéalta nó as láthair *: Cathaoirleach

N: níl sé/sí ar an gCoiste ag an dáta seo TC: páirteach trí theileachomhdháil GC: Glao Comhdhála

Ag Rialáil Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health + Social Care Professionals

Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta

# Tuarascáil Bhliantúil

## 6.1 Tuarascáil Bhliantúil 2014 - Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta

Cuntas atá sa tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí Bhord na nOibrithe Sóisialta le linn 2014, a cuireadh faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, lena cuimsiú i dTuarascáil Bhliantúil 2014 na Comhairle, amhail a cheanglaítear faoi Alt 25(1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

# Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta

Cuntas atá sa tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí Bhord na nOibrithe Sóisialta le linn 2014, a cuireadh faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, lena cuimsiú i dTuarascáil Bhliantúil 2014 na Comhairle, amhail a cheanglaítear faoi Alt 25(1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

## Réamhrá

I rith 2014, lean Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta lena n-obair ag cur le forbairt agus soláthar a róil rialála i gcúram sláinte na hÉireann.

Ba bhliain tháirgiúil 2014 fad a leanamar leis an gClár a bhunú agus a choimeád. Ar an iomlán, tá 3,664 Oibrí liostaithe ar Chlár na nOibrithe Sóisialta.  I rith na bliana, roghnaigh 37 cláraí chun iad féin a bhaint ón gClár ar bhonn deonach agus baineadh 38 oibrí sóisialta, faoi mar a cheanglaítear faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) mar gheall nár íoc siad a dtáille bhliantúil athnuachana.

Ligeann an Clár, ar féidir féachaint air ag www.coru.ie, do mhuintir an phobail seiceáil an bhfuil nó nach bhfuil oibrí sóisialta cláraithe agus féadfaidh siad a bheith cinnte go bhfuil an duine aonair seo mar chuid de ghairm a bhain na caighdeáin riachtanacha d'iompar agus d'fheidhmíocht amach.

Gabhaimid buíochas leis na hoibrithe sóisialta siúd, na comhlachtaí gairmiúla, a bhfostóirí agus leis na Ceardchumainn a thug faoi obair an Bhoird le bliain anuas d’fhonn obair an Bhoird a chur chun cinn.

Chas an Bord ar a chéile 14 huaire in 2014 chun measúnú agus faomhadh a dhéanamh ar iarratais ar chlárúchán, aitheantas agus an clár oideachais.  I gcaitheamh na bliana, d’éag téarmaí oifige roinnt dár gcomhaltaí boird agus bhí toghcháin ar bun i measc na gcláraithe dá n-ionadaithe. Ba dheas linn buíochas a chur in iúl do na comhaltaí Boird as ucht a rannchuidithe, iarrachtaí agus saineolais phearsanta.

Mar chonclúid, táimid ag dréim le hoibriú leis an ngairm arís eile in 2015 nuair a dhéanfar cinntí faoi rialáil oibrithe sóisialta, agus gach ceann díobh ar mhaithe le sábháilteacht an phobail. Sa bhliain amach romhainn, cuirfimid ár n-obair ar na riachtanais le haghaidh Forbairt Leanúnach Ghairmiúil i gcrích agus táimid ag dréim le hoibriú leis an gComhairle maidir le Cosaint Teidil agus Oiriúnacht chun Cleachtadh. Tá na ceisteanna seo ag lár ár sainchúraim chun an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin ghairmiúla agus inniúlachta a chothú laistigh den ghairm.

**Cormac Quinlan**
**Cathaoirleach**

**Ginny Hanrahan**
**Cláraitheoir**

 Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta

# Gníomhaíochtaí an Bhoird in 2014

## Cúlra

Ceapadh Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta i Lúnasa 2010 agus ba iad an chéad Bhord a bunaíodh faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) (an tAcht).

Forálann an tAcht go gceapann an Bord 13 chomhalta dheonacha.  Comhaltaí tuata iad seachtar comhaltaí, agus is comhaltaí den ghairm iad an seisear eile, a tarraingíodh ó na catagóirí a leanas:

- Oideachasóirí
- Bainisteoirí
- Oibrithe sóisialta a dhéanann ionadaíocht do sheirbhísí túslíne.

Ba é Val O'Kelly Cathaoirleach Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta go dtí Lúnasa 2014. Toghadh Cormac Quinlan mar Chathaoirleach Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta an 9 Deireadh Fómhair 2014.

D'éag na téarmaí oifige do na comhaltaí Boird a leanas i Lúnasa 2014; an tUas. Valentine (Val) O'Kelly, Val Collier, Ursula Fernée, Ned Kelly, Suzanne Quin agus Mairéad Harrington Bhí toghcháin chun Comhaltaí a Cheapadh le Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta ar siúl an 29 Iúil 2014.

Toghadh na Comhaltaí Boird a leanas chun ionadaíocht a dhéanamh do Chláraithe a bhí ag tabhairt faoi chleachtas na Gairme; Peter O'Neill agus Donal Gill.

Toghadh na Comhaltaí Boird a leanas chun ionadaíocht a dhéanamh do Chláraithe a bhí ag tabhairt faoi bhainistiú na Gairme; Cormac Quinlan agus Adrienne (Ado) Byrne.

Toghadh na Comhaltaí Boird a leanas chun ionadaíocht a dhéanamh do Chláraithe a bhí ag tabhairt faoi oideachas don Ghairm; Carmel Halton.

Chas an Bord ar a chéile 14 huaire, ar an iomlán, sa bhliain.

Ag deireadh 2014, bhí cúig fholúntas ann ar Bhord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta.

## Ról

Faoin Acht, is é ról na mBord Clárúcháin ag CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin d'iompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht a chothú trí chlárúchán reachtúil gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Tá Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta ag CORU freagrach as an méid a leanas:

- Clár chomhaltaí na gairme a bhunú agus a choimeád
- Na cáilíochtaí a mheasúnú agus a aithint a baineadh amach lasmuigh den Stát
- Cláir oideachais agus oiliúna a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- Na ceanglais a leagan amach le haghaidh filleadh ar chleachtadh
- An cód iompair agus eitice gairmiúla a leagan amach
- Na riachtanais a leagan amach le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach.

## Clárúchán

Osclaíodh an Clár le haghaidh oibrithe sóisialta an 31 Bealtaine 2011. Tar éis gur osclaíodh an Clár, cuireadh tús le hidirthréimhse dhá bhliain le haghaidh oibrithe sóisialta a bhí i mbun cleachtaidh cheana féin chun iarratas a dhéanamh ar chlárúchán. Theastaigh an tréimhse seo chun an deis a thabhairt do dhaoine aonair iarratas a dhéanamh ar chlárúchán agus chun an Bord a shásamh gur chomhlíon siad na riachtanais. Anuas air sin, thug sé deis aonuaire do chleachtóirí nach bhfuil cáilíochtaí reatha faofa acu, iarratas a dhéanamh ar chlárúchán. Cuireadh deireadh leis an idirthréimhse seo an 31 Bealtaine 2013.

I rith na bliana, chláraigh an Bord 2,230 Oibrí Sóisialta. Bhí 3,664 oibrí sóisialta, ar an iomlán, cláraithe ag Bord Clárúcháin na nOibrithe Sóisialta amhail an 31 Nollaig 2014.

Leanann obair ar siúl chun an líon beag iarratas atá fanta a phróiseáil agus chun idirchaidreamh a dhéanamh leis na hoibrithe sóisialta atá bainteach. Ní mór don Bhord a bheith sásta go gcomhlíonann iarratais ar chlárúcháin na riachtanais le haghaidh clárúcháin –

- Bheith oiriúnach agus cuí chun tabhairt faoi chleachtas na gairme

I gcás iad siúd a bhfuil na socruithe idirthréimhseacha á bhfáil acu –

- Cáilíocht a bheith acu a liostaítear san Acht nó gur éirigh leo measúnú ar inniúlacht ghairmiúil a chríochnú
- Bheith ag cleachtadh sa Stát sna cúig bliana sular osclaíodh an Clár

I gcás iontrálaithe nua –

- Cáilíocht fhaofa a bheith acu a chomhlíonann caighdeáin na hinniúlachta a leagann CORU amach
- Dóthain eolais a bheith acu ar an teanga a theastaíonn chun cleachtadh sa Stát.

Bhí ar gach iarratasóir ar chlárúchán tabhairt faoi Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána mar chuid den phróiseas clárúcháin.
Faoi Nollaig 2014:

- Diúltaíodh Iarratas amháin ó Oibrí Sóisialta
- D'fhág 37 cláraí oibrí shóisialta an Clár ar bhonn deonach
- Baineadh 38 cláraí oibrí shóisialta ón gClár mar gheall ar neamhíocaíocht táillí

Is féidir féachaint ar an gClár ar líne ag www.coru.ie.

## An tÚdarás Inniúil chun Cáilíochtaí a baineadh amach lasmuigh den Stát a Aithint

Sula ndéantar iarratas ar chlárúchán, ní mór do shealbhóirí cáilíochtaí a baineadh amach lasmuigh den Stát iarratas a dhéanamh ar an mBord go n-aithneofar a gcáilíochtaí gairmiúla. Déantar measúnú ar na cáilíochtaí seo i leith na gcaighdeán inniúlachta a theastaíonn ó chéimithe laistigh de Phoblacht na hÉireann.

Más ann do dhifríochtaí suntasacha (easnaimh) idir cáilíocht ghairmiúil, aon oideachas agus oiliúint bhreise agus/nó taithí bhreise ábhartha oibre i leith na gcaighdeán inniúlachta, féadfaidh beart cúitimh a thabhairt d'iarratasóir. Rogha oiriúnaithe a bheidh i gceist leis seo (tréimhse chleachtais faoi mhaoirsiú) chun dul i ngleic le haon easnaimh a sainaithníodh nó chun tástáil chumais a dhéanamh.

I rith 2014, dheonaigh an Bord 26 iarratas ar aitheantas cáilíochtaí idirnáisiúnta agus iarradh ar thriúr iarratasóirí breise tabhairt faoi bhearta cúitimh.

**Oideachas**

I rith na bliana, rinne an Bord athbhreithniú agus faomhadh ar na cúrsaí a leanas

- Máistreacht in Obair Shóisialta agus Dioplóma Iarchéime in Obair Shóisialta, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath
- Baitsiléir Oibre Sóisialta, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Thug an Bord faoi phlé fairsing, chomh maith, mar ullmhúchán do sheoladh na creatlaí FGL le haghaidh comhairliúchán poiblí i Nollaig 2014.

## Freastal ar chruinnithe an BCOS in 2014

**Gluais maidir le freastal ar chruinnithe:**
√: arna fhreastal X: leithscéalta nó as láthair *Cathaoirleach: N: níl sé/sí ar an mBord ag an dáta seo
SB: saoire bhreoiteachta

| | An 14 Ean | An 28 Ean | An 11 Fea | An 26 Fea | An 20 Már | An 26 Már | An 23 Aib | An 21 Bea | An 24 Mei | An 16 Iúil |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Declan Carey | √ | X | √ | √ | X | √ | √ | √ | √ | √ |
| Val Collier | X | √ | X | X | √ | √ | √ | √ | X | √ |
| Ursula Fernée | √ | √ | X | X | X | X | X | √ | √ | X |
| Ned Kelly | √ | √ | √ | √ | X | X | √ | √ | √ | √ |
| Valentine O'Kelly* | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| Suzanne Quin | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| Cormac Quinlan | X | X | √ | √ | √ | X | √ | √ | √ | √ |
| Carol Moore | √ | √ | SB | SB | SB | SB | SB | SB | SB | SB |
| Mairead Harrington | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |
| Anthony McCashin | X | √ | √ | X | √ | √ | √ | X | X | √ |

| | An 23 M.F. | An 29 D.F. | An 27 Sam | 11 Nol |
|---|---|---|---|---|
| Declan Carey | √ | X | X | √ |
| Val Collier | N | N | N | N |
| Ursula Fernée | N | N | N | N |
| Ned Kelly | N | N | N | N |
| Valentine O'Kelly* | N | N | N | N |
| Suzanne Quin | N | N | N | N |
| Cormac Quinlan* | √ | √ | √ | √ |
| Carol Moore | √ | x | √ | √ |
| Mairead Harrington | N | N | N | N |
| Anthony McCashin | X | x | √ | √ |
| Adrienne Byrne | √ | √ | √ | √ |
| Carmel Halton | √ | √ | n | √ |
| Peter O'Neill | √ | √ | n | √ |
| Donal Gill | √ | √ | √ | X |

Ag Rialáil Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health + Social Care Professionals

Bord Clárúcháin na Radagrafaithe

# Tuarascáil Bhliantúil

## 6.2 Tuarascáil Bhliantúil 2014 - Bord Clárúcháin na Radagrafaithe

Cuntas atá sa tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí Bhord na Radagrafaithe le linn 2014, a cuireadh faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, lena cuimsiú i dTuarascáil Bhliantúil 2014 na Comhairle, amhail a cheanglaítear faoi Alt 25(1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú)..

# Bord Clárúcháin na Radagrafaithe

Cuntas atá sa tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí Bhord na Radagrafaithe le linn 2014, a cuireadh faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, lena cuimsiú i dTuarascáil Bhliantúil 2014 na Comhairle, amhail a cheanglaítear faoi Alt 25(1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

## Réamhrá

D'eascair oscailt Chlár na Radagrafaithe/na dTeiripeoirí Radaíochta an 31 Deireadh Fómhair 2013 as obair fhairsing ullmhúcháin ag an mBord in 2013. Leanadh in 2014 le clárúchán reachtúil a dhéanamh le haghaidh radagrafaithe agus teiripeoirí radaíochta, ag oibriú i dtreo chríochnú na hidirthréimhse/na idirthréimhse chlárúcháin an 31 Deireadh Fómhair 2015.

Ní bheidh ach na cleachtóirí siúd a chomhlíonann na caighdeáin a leagann Bord Clárúcháin na Radagrafaithe amach i dteideal cleachtadh nuair a bheidh an idirthréimhse/idirthréimhse chlárúcháin dhá bhliain críochnaithe. Treiseoidh agus feabhsóidh seo muinín an phobail as an ngairm. Soláthraíonn an Idirthréimhse an t-am a theastaíonn do chleachtóirí reatha áit a bhaint amach ar an gClár.

Anuas air sin, agus sinn mar an Údarás Inniúil faoin Treoir Eorpach a bhaineann le hAithint Cáilíochtaí don ghairm, ní mór d'aon duine aonair atá ag lorg chun oibriú in Éirinn mar Radagrafaí nó Teiripeoir Radaíochta, a bhain a gcáilíochtaí lasmuigh den Stát, iarratas a dhéanamh anois ar an mBord go n-aithneofar a gcáilíocht sular féidir leo clárú. Ciallaíonn seo go bhfuil cáilíocht an iarratasóra cosúil leis na cáilíochtaí Éireannacha. Mura mbaineann an cháilíocht an caighdeán amach, féadfaidh an t-iarratasóir tabhairt faoi thréimhse oiriúnaithe nó faoi mheasúnú cumais.  Nuair a aithnítear cáilíocht iarratasóra, bíonn sé/sí i dteideal iarratas a dhéanamh ar chlárúchán. Soláthróidh seo dearbhú níos mó don phobal nuair a idirghníomhaíonn siad le comhalta cláraithe na gairme a d'fhéadfadh cáilíocht a bhaint amach thar lear.

Aithnímid gur lorg go leor radagrafaithe agus teiripeoirí radaíochta go gníomhach go mbunaítear clárúchán reachtúil don ghairm, agus an iomaí sochar a chruthaíonn seo dóibh a aithint mar chleachtóirí aonair maidir le bheith mar chuid de ghairm chláraithe. Gabhaimid buíochas leis na gairmithe siúd, a bhfostóirí agus an iomaí duine eile atá ag glacadh páirte san aistear a fhad le clárúchán reachtúil. Rinne siad idirchaidreamh gníomhach le hobair an Bhoird trí chomhairliúcháin phoiblí agus pháirtithe leasmhara agus chabhraigh siad le córas clárúcháin reachtúil a thógáil atá i bhfeidhm anois. Dea-shampla den chur chuige comhairliúcháin agus comhoibritheach seo is ea an Cód nua Iompair agus Eitice Gairmiúla atá mar bhonn agus taca leis an ngairm.

Ba dheas linn buíochas a chur in iúl do gach comhalta Boird, a ghlacann páirt ar bhonn deonach, as ucht a dtiomantais agus a gcomhiarrachtaí agus a rannpháirtíochta i ndéanamh beartas agus cinntí.

Gabhaimid buíochas ar leith le Suzannae Dennan, Bill Maher, Caitríona McGrath agus Catherine McKenna, ar éag a dtéarmaí oifige i rith 2014.

Tá níos mó oibre le déanamh. Leanfaidh an Bord, go háirithe, in 2015, le cinntí a dhéanamh ar an líon mór iarratas ar chlárúchán roimh an 31 Deireadh Fómhair 2015 – spriocdháta na hidirthréimhse/na hidirthréimhse clárúcháin agus leanann siad le cinntí a dhéanamh ar Aithint cáilíochtaí Idirnáisiúnta, chomh maith.

Thar ceann an Bhoird, táimid ag tnúth le rialáil na ngairmeacha a chur chun cinn in 2015.

**Jason Last**
**Cathaoirleach**
**Bord Clárúcháin na Radagrafaithe**

**Ginny Hanrahan**
**Cláraitheoir**
**Bord Clárúcháin na Radagrafaithe**

# Gníomhaíochtaí an Bhoird in 2014

## Cúlra

Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na Radagrafaithe in Eanáir 2012.
Forálann an tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) do 13 chomhalta dheonacha a cheapadh leis an mBord. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí a sheirbheálann ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha Taistil agus Cothabhála na Státseirbhíse.

Comhaltaí tuata iad seachtar díobh, agus is ainmnithe gairmiúla iad an seisear eile, a dhéanann ionadaíocht don mhéid a leanas:

- Oideachas agus oiliúint na gairme (1).
- Bainistíocht seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm (2).
- Cleachtadh na gairme (3).

Is é an Dr Jason Last atá mar Chathaoirleach Bhord Clárúcháin na Radagrafaithe faoi láthair.

In 2014, chas Bord Clárúcháin na Radagrafaithe ar a chéile aon uair déag. I rith na bliana, athcheapadh Dympna Watson agus Olwyn Ryan leis an mBord.

Ag deireadh 2014, bhí cúig fholúntas ann ar Bhord Clárúcháin na Radagrafaithe. Ar an iomlán, líonfar ceithre fholúntas ag ainmniú agus ag toghadh cláraithe, faoi réir go gcláraíonn na líonta leordhóthanacha agus na n-athruithe reachtaíochta a rinneadh le déanaí. Ábhar buartha don Bhord é nach bhfuil aon ionadaí ar an mBord do theiripeoirí radaíochta faoi láthair, agus déanann siad a seacht ndícheall lena chinntiú go gcuirtear saineolas na dteiripeoirí radaíochta ar fáil don Bhord trí mheasúnóirí agus comhairleoirí eile a úsáid. Táimid ag tnúth le gach ceann dár bpoist fholmha a líonadh.

## Ról

Faoin Acht, is é ról na mBord Clárúcháin ag CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin d’iompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht a chothú trí chlárúchán reachtúil gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Dá réir sin, tá na feidhmeanna a leanas ag Bord Clárúcháin na Radagrafaithe.

- Clár chomhaltaí na gairme a bhunú agus a choimeád.
- Na cáilíochtaí a mheasúnú agus a aithint a baineadh amach lasmuigh den Stát.
- Cláir oideachais agus oiliúna a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu.
- An cód iompair agus eitice gairmiúla a chur le chéile.
- Na riachtanais a leagan amach le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach.

## Clárúchán

An 31 Deireadh 2013, cuireadh tús le clárúchán reachtúil radagrafaithe agus teiripeoirí radaíochta. Léirigh an gharsprioc toradh go leor míonna a chaitheamh i mbun comhairliúcháin agus beartais a fhorbairt ag Bord Clárúcháin na Radagrafaithe. Tá dhá rannán sa Chlár a chuimsíonn radagrafaithe agus teiripeoirí radaíochta.
Achtaíodh an tAcht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014 i Nollaig 2014 agus forálann sé do dhá chlár ar leith chun Radagrafaithe agus Teiripeoirí Radaíochta a chuimsiú agus beidh ullmhú dó seo mar chuid de phlean oibre 2015 na mBord.

Tá dhá chonair ann a fhad le clárúchán:

- Alt 91: baineann seo le cleachtóirí reatha agus níl fáil air ach amháin i rith na hidirthréimhse/na hidirthréimhse clárúcháin dhá bhliain a chríochnóidh an 31 Nollaig 2015.
- Alt 38: baineann seo le gach céimí nua agus duine ar bith a dhéanann iarratas ar chlár a luaithe a d'éag an idirthréimhse thosaigh dhá bhliain.

Chun clárú, ní mór d'iarratasóir a sonraí pearsanta a sholáthar agus an méid a leanas a chur san áireamh:

- Seoladh ríomhphoist
- Uuimhir PSP
- Uimhir an Phas
- Teideal iomlán a gcáilíochta

Chun an t-iarratas a chríochnú, beidh ar iarratasóirí cóipeanna deimhnithe den mhéid a leanas a sheoladh chugainn;

- Leathanach Grianghraif an Phas nó Teastas Breithe nó Ceadúnas Nua Tiomána
- Fianaise dheimhnithe i leith athrú ainm (más infheidhme)
- Fianaise dheimhnithe i leith cáilíochtaí / litir aitheantais. Nóta: I gcás Cleachtóirí Reatha, ní mór gurb ionann seo agus dhá bhliain sa tréimhse ábhartha.
- Foirm Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána atá comhlánaithe agus sínithe
- Réiteach Idirnáisiúnta na bPóilíní (sa chás go dteastaíonn sé)
- Dhá ghrianghraf pas
- Foirm dhearbhaithe shínithe agus mhionnaithe

Foilsítear na sonraí iomlána ar www.coru.ie

I rith na bliana, ba é athbhreithniú a dhéanamh ar iarratais ar fhaomhadh a bhí le cur leis an gclár an ghníomhaíocht ba mhó a bhí ar siúl ag cruinnithe an Bhoird. Faoin 31 Nollaig 2014:

- Cláraíodh 285 Radagrafaí/Teiripeoir Radaíochta

Chomhlánaigh 375 iarratasóir sa bhreis an fhoirm iarratais chlárúcháin ar líne. Seolfar na hiarratais seo chuig an mBord Clárúcháin go ndéanfar breithniú orthu nuair a fhaigheann CORU sraith iomlán de  na cáipéisí tacaíochta a theastaíonn.

Rinne gach 56 cláraí atá lena gclárúchán a athnuachan an 31 Deireadh Fómhair 2014 amhlaidh.

## Cáilíochtaí a baineadh amach lasmuigh den Stát/Údarás Inniúil

Sula ndéantar iarratas ar chlárúchán, ní mór do shealbhóirí cáilíochtaí a baineadh amach lasmuigh den Stát iarratas a dhéanamh ar an mBord go n-aithneofaí a gcáilíochtaí. Déantar measúnú ar na cáilíochtaí seo i leith na gcaighdeán inniúlachta a theastaíonn ó chéimithe laistigh de Phoblacht na hÉireann.

Ón 31 Deireadh Fómhair 2013, ainmníodh Bord Clárúcháin na Radagrafaithe mar an údarás inniúil don ghairm faoi Threoir 2005/36/CE. Déanann an Bord measúnú anois ar gach iarratas nua maidir le cáilíochtaí a baineadh amach lasmuigh de Phoblacht na hÉireann a aithint.

I rith 2014:

- Rinneadh 48 iarratas ar aithint cáilíochtaí idirnáisiúnta leis an mBord agus rinne an Bord iad a fhaomhadh.
- Fuarthas 20 iarratas breise ach táthar ag feitheamh le breis faisnéise ó iarratasóirí sula rachfar os comhair an Bhoird le haghaidh breithniú.

## Oideachas

Is é ceann d'fheidhmeanna Bord Clárúcháin a shásamh dóibh féin go gcomhlíonann cláir oideachais agus oiliúna a sholáthraíonn institiúidí sa Stát na critéir agus na caighdeáin a theastaíonn le haghaidh cleachtaidh.

Is iad seo a leanas na cáilíochtaí faofa le haghaidh gach gairme:

Radagrafaithe

- **Baitsiléir Eolaíochta (Honóracha) (Radagrafaíocht) ó Ollscoil na hÉireann**

Teiripeoirí Radaíochta

- **Baitsiléir Eolaíochta i dTeiripe Radaíochta [B.Sc [Ther.Rad.]] ó Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath**

I Samhain 2014, dheonaigh an Bord faomhadh chun tús a chur le faomhadh cláir an chláir Radagrafaíochta in UCD agus an chláir Theiripe Radaíochta in TCD.

## Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)

Tá creatlach FGL do Radagrafaithe agus Teiripeoirí Radaíochta á hullmhú faoi láthair don Bhord agus leanfaidh sí na comhairliúcháin phoiblí agus athbhreithnithe riachtanacha i rith 2015. Cuirfear tús léi ón 31 Deireadh Fómhair 2015 ar chóras dhá bhliain, sula mbeidh iniúchadh le déanamh ar chéatadán socraithe de chláraithe.  Is í aidhm na forbartha gairmiúla leanúnaí a chinntiú go bhfuil cláraithe ag coimeád cothrom le dáta leis na hathruithe atá tagtha ar an obair ghairmiúil.

## Gníomhaíochtaí Beartais

I rith na bliana, rinne an Bord athbhreithniú agus faomhadh ar na beartais a leanas le haghaidh rialáil na gairme:

- Baint Dheonach
- Áit a bhaint amach arís ar an gClár

## Filleadh ar Chleachtadh

D'ullmhaigh an Bord a gcáipéis bheartais um Fhilleadh ar Chleachtadh agus d'fhoilsigh siad an céanna le haghaidh comhairliúchán poiblí i Meitheamh 2014. Tá an fodhlí um fhilleadh ar chleachtas sceidealaithe le haghaidh tráth luath in 2015.

## An tAcht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014

Cuireadh an reachtaíocht seo i bhfeidhm i Nollaig, a cheadóidh Bord Clárúcháin na Radagrafaithe chun dhá chlár ar leith a bhunú do ghairmeacha na radagrafaithe agus na dteiripeoirí radaíochta. Tabharfar faoin obair seo laistigh de 2015/6.

## Freastal ar chruinnithe Bhord Clárúcháin na Radagrafaithe in 2014

**Gluais maidir le freastal ar chruinnithe:** √: arna fhreastal X: leithscéalta nó as láthair; *: Cathaoirleach N: níl sé/sí ar an mBord níos mó

| | 22/01 | 28/02 | 26/03 | 30/04 | 28/05 | 25/06 | 23/07 | 2/10 | 28/10 | 26/11 | 16/12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Mary Pat Corridan | √ | X | √ | √ | √ | √ | √ | √ | X | √ | √ |
| Suzanne Dennan | √ | X | X | X | N | N | N | N | N | N | N |
| Jason Last* | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| Bill Maher | √ | N | N | N | N | N | N | N | N | N | N |
| Caitriona McGrath | √ | X | X | X | N | N | N | N | N | N | N |
| Catherine McKenna | √ | X | X | X | N | N | N | N | N | N | N |
| Michele Monahan | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | X |
| Mary O'Connor | √ | √ | √ | X | √ | √ | √ | √ | √ | √ | X |
| Louise Rainford | √ | √ | √ | X | √ | √ | X | √ | X | √ | √ |
| Olwyn Ryan | √ | N | N | N | X | √ | √ | X | X | √ | X |
| Tom Ryan | X | X | √ | √ | √ | X | √ | √ | √ | √ | √ |
| Dympna Watson | √ | N | N | N | √ | √ | √ | X | √ | √ | √ |

Ag Rialáil Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health + Social Care Professionals

Bord Clárúcháin na nDiatéiteach

# Tuarascáil Bhliantúil

## 6.3 Tuarascáil Bhliantúil 2014 - Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach

Cuntas atá sa tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí Bhord Clárúcháin na nDiaitéiteach le linn 2014, a cuireadh faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, lena cuimsiú i dTuarascáil Bhliantúil 2014 na Comhairle, amhail a cheanglaítear faoi Alt 25(1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

# Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach

Cuntas atá sa tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí Bhord Clárúcháin na nDiaitéiteach le linn 2014, a cuireadh faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, lena cuimsiú i dTuarascáil Bhliantúil 2014 na Comhairle, amhail a cheanglaítear faoi Alt 25(1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

## Réamhrá

I rith 2014, lean Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach lena n-obair ag cur le forbairt agus soláthar a róil rialála i gcúram sláinte na hÉireann.

Soláthraíonn diaitéitigh seirbhís ríthábhachtach dá gcliaint maidir le riachtanais dhiaiteacha agus chothaithe agus baineann ríthábhacht le caidreamh atá bunaithe ar iontaoibh agus muinín. Forbairt dhearfach is ea an t-aistriú chuig clárúchán reachtúil, a sholáthraíonn ról ríthábhachtach geatóireachta maidir le caighdeáin ghairmiúla a choimeád.

Cuirfidh rialáil ghairm an diaitéitigh breis feabhais ar sheasamh na gairme agus níos tábhachtaí ná sin, soláthróidh sé cinntiú do mhuintir an phobail go gcomhlíonann Diaitéitigh na caighdeáin shonraithe fhaofa.

An 31 Deireadh 2014, chríochnaigh an Bord an obair fhairsing ullmhúcháin a theastaigh agus d'oscail siad Clár na nDiaitéiteach le haghaidh iarratas. Tá ag cleachtóirí reatha anois idirthréimhse/idirthréimhse chlárúcháin dhá bhliain chun a n-iarratais a chomhlánú.

Chun an gharsprioc thábhachtach seo a bhaint amach, tugadh faoi obair fhairsing, comhairliúcháin phoiblí ar fhodhlíthe san áireamh, i rith na bliana lena chinntiú gur chríochnaigh an Bord na caighdeáin le haghaidh oideachais, cáilíochtaí, clárúcháin agus an chóid iompair agus eitice. Leagann na cáipéisí seo an bhunchloch faoi rialáil na gairme.

Soláthraíonn rialáil reachtúil oscailteacht agus freagracht níos mó don phobal, agus déanann sí cultúr inniúlachta agus forbartha leanúnaí gairmiúla a atreisiú le haghaidh gairmithe.

Ba dheas linn buíochas a chur in iúl do gach uile chomhalta Boird, a nglacann gach duine díobh páirt ar bhonn deonach, as ucht a dtiomantais agus a gcomhiarrachtaí agus a rannpháirtíochta i ndéanamh beartas agus cinntí.

Mar chonclúid, táimid ag tnúth le leanúint leis an obair thábhachtach seo a dhéanamh in 2015. Beimid i mbun idirchaidrimh lenár bpáirtithe leasmhara uile fad a chuirimid clárúchán Diaitéiteach chun cinn i gcaitheamh na hidirthréimhse clárúcháin dhá bhliain.

**Elizabeth Barnes**
**Cathaoirleach**
**Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach**

**Ginny Hanrahan**
**Cláraitheoir**
**Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach**

# Gníomhaíochtaí an Bhoird in 2014

## Cúlra

Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach i bhFeabhra 2013.

Forálann an tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) do 13 chomhalta dheonacha a cheapadh leis an mBord. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí a sheirbheálann ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha Taistil agus Cothabhála na Státseirbhíse.  Comhaltaí tuata iad seachtar ceapaithe, agus is comhaltaí den ghairm iad an seisear eile, a thugann faoi na limistéir a leanas den ghairm:

Oideachas (1)
Bainistíocht (2)
Cleachtadh na gairme (3)

Déanann an seachtar comhaltaí ionadaíocht don mhéid a leanas

- bainistíocht na hearnála sláinte poiblí,
- bainistíocht na hearnála sláinte deonaí/príobháidí
- an bhunaíocht oideachais a thugann faoi oiliúint na gairme agus
- 4 ionadaí den phobal i gcoitinne.

Is í Elizabeth Barnes Cathaoirleach tofa an Bhoird. Bhí folúntas amháin ann ar an mBord amhail an 31 Nollaig 2014.

## Ról

Faoin Acht, is é ról na mBord Clárúcháin an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin d’iompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht a chothú trí chlárú reachtúil gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta.

Tá Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach ag CORU freagrach as an méid a leanas:

- Clár chomhaltaí na gairme a bhunú agus a choimeád.
- Na cáilíochtaí a mheasúnú agus a aithint a baineadh amach lasmuigh den Stát.
- Cláir oideachais agus oiliúna a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu.
- An cód iompair agus eitice gairmiúla a chur le chéile.
- Na riachtanais a leagan amach le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach.

## An Bhunchloch a Leagan le haghaidh Rialála

Rinne Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach idirchaidreamh le gach páirtí leasmhar i rith na bpróiseas comhairliúcháin phoiblí sula ndearnadh na fodhlíthe a theastaigh chun rialáil reachtúil na gairme a thabhairt isteach.  Cheadaigh na fodhlithe seo an Clár a oscailt an 31 Deireadh Fómhair 2014.

Rinne an Bord na fodhlíthe a leanas le faomhadh na Comhairle:-

I.R. Uimh. 391 de 2014 – Fodhlí um Iarratas ar Chlárúchán Bhord Clárúcháin na nDiaitéiteach 2014
I.R. Uimh. 448 de 2014 – Fodhlí Chód Iompair agus Eitice Gairmiúla Bhord Clárúcháin na nDiaitéiteach 2014
I.R. Uimh. 447 De 2014 – Fodhlí um Cháilíochtaí Faofa Bhord Clárúcháin na nDiaitéiteach

## Oideachas

## Critéir agus Caighdeáin Inniúlachta

Ar cheann d'fheidhmeanna Bord Clárúcháin is ea Caighdeáin Inniúlachta na gairme a leagan amach. Is iad na Caighdeáin Inniúlachta na caighdeáin tairsí iontrála chuig an ngairm a theastaíonn maidir le cleachtadh sábháilte agus oiriúnach na gairme. Is iad siúd an t-eolas, na scileanna, na hinniúlachtaí agus na saintréithe gairmiúla a theastaíonn ón ngairm. Céim thábhachtach i rialáil reachtúil na gairme a bhunú is ea na Caighdeáin Inniúlachta a leagan amach.

Tá na Critéir agus na Caighdeáin Inniúlachta do chláir Oideachais agus Oiliúna do Dhiaitéitigh ar fáil faoi fhoilseacháin ghinearálta ag www.coru.ie.

## Cáilíochtaí Faofa le haghaidh Clárúcháin

D'fhaomh Bord Clárúcháin na nDiaitéiteach na cáilíochtaí a leanas amhail fianaise a dhéanamh le caighdeán na hinniúlachta a theastaíonn le haghaidh clárúcháin mar Dhiaitéitigh:

(1) **Baitsiléir Eolaíochta i gCothú agus Diaitéitic** ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus ó Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath.
(2) **Baitsiléir Eolaíochta i gCothú agus Diaitéitic** ó Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath.
(3) **Dioplóma Iarchéime i gCothú agus Diaitéitic** ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.

## Clárúchán

An 7 Deireadh Fómhair 2014, d'fhaomh an Bord "an tIarratas ar Fhodhlí Clárúcháin", i ndiaidh comhairliúchán poiblí.

## Cód Iompair agus Eitice Gairmiúla

Tá ar Bhord Clárúcháin na nDiaitéiteach glacadh le Cód Iompair agus Eitice Gairmiúla le haghaidh cláraithe sula n-osclaítear an Clár. Leagtar amach sa chód na caighdeáin iompair, feidhmíochta agus eitice nach mór do chláraithe cloí leo ar fud chúrsa a n-oibre mar Dhiaitéitigh chleachtacha. Nuair a bhíonn iarratas á dhéanamh acu, tá ar iarratasóirí dearbhú reachtúil a shíniú a luann gur léigh siad, gur thuig siad agus go gcomhaontaíonn siad chun cloí leis an gCód.

Tá an Cód le haghaidh Diaitéiteach bunaithe ar an gCreatchód Iompair agus Eitice Gairmiúla lenar ghlac an Chomhairle. Rinne na 12 ghairmí comhaontú air seo faoi shainchúram CORU i ndiaidh comhairliúchán fairsing.

An 7 Deireadh Fómhair, rinne an Bord Fodhlí an Chóid Iompair agus Eitice Gairmiúla do Dhiaitéitigh 2014.

## Filleadh ar Chleachtadh

I gcaitheamh 2014, rinne an Bord breithniú ar an dréacht-Bheartas Creatlaí um Fhilleadh ar Chleachtadh. Foilsíodh an dréacht-fhodhlí do chomhairliúchán poiblí i nDeireadh Fómhair/Samhain 2014. Táthar ag súil leis go gcuirfear i gcrích an fodhlí um fhilleadh ar chleachtas go luath in 2015.

## Cáilíochtaí Idirnáisiúnta – Feidhm Údaráis Inniúil

Beidh ar shealbhóirí cáilíochtaí idirnáisiúnta (nár aithníodh nó nár bailíochtaíodh iad roimhe seo laistigh den tír seo) aitheantas a bhaint amach dá gcáilíochtaí sula mbeidh siad i dteideal iarratas a dhéanamh ar chlárúchán. Meastar gur faomhadh Cáilíochtaí Idirnáisiúnta a aithníodh/a bailíochtaíodh sular oscail an tÚdarás Inniúil ábhartha an Clár.

Tar éis an Clár a oscailt an 31 Deireadh Fómhair 2014, rinneadh an tÚdarás Inniúil den Bhord do Cháilíochtaí Idirnáisiúnta a bhailíochtú/a aithint do Dhiaitéitigh a bhfuil sé de rún acu oibriú in Éirinn. Chríochnaigh an Bord a gcuid oibre in 2014 chun gach ceann de na riachtanais don fheidhm seo a sholáthar.

## Gníomhaíochtaí Beartais

I rith na bliana, rinne an Bord athbhreithniú agus faomhadh ar na beartais a leanas le haghaidh rialáil na gairme:

- Beartas déanamh cinntí Oiriúnacha agus Cearta
- Riachtanais a bhaineann go sonrach le gairm chun Cáilíochtaí Idirnáisiúnta a aithint

## Freastal ar chruinnithe Bhord Clárúcháin na nDiaitéiteach in 2014

**Gluais maidir le freastal ar chruinnithe:** √: arna fhreastal X: leithscéalta nó as láthair *: Cathaoirleach S: ar scor

| | 25/02 | 01/05 | 03/06 | 03/07 | 02/09 | 07/10 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Elizabeth Barnes* | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| Genevieve Becker | X | X | S | S | S | S |
| Ruth Charles | √ | √ | √ | X | √ | √ |
| Clare Corish | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| Gráinne Denning | √ | X | √ | √ | √ | √ |
| John Hanily | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| Nick Kennedy | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| Cliodhna McDonough | √ | √ | √ | X | √ | √ |
| Halóg Mellett | √ | √ | √ | √ | X | √ |
| Tony Morris | √ | X | X | X | √ | √ |
| Mary Nally | X | X | S | S | S | S |
| Anthony Smith | √ | √ | √ | √ | X | √ |

Ag Rialáil Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health + Social Care Professionals

# Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair

# Tuarascáil Bhliantúil

## 6.4 Tuarascáil Bhliantúil 2014 - Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair

Cuntas atá sa tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair le linn 2014, a cuireadh faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, lena cuimsiú i dTuarascáil Bhliantúil 2014 na Comhairle, amhail a cheanglaítear faoi Alt 25(1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

# Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair

Cuntas atá sa tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair le linn 2014, a cuireadh faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, lena cuimsiú i dTuarascáil Bhliantúil 2014 na Comhairle, amhail a cheanglaítear faoi Alt 25 (1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

## Réamhrá

I rith 2014, lean Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair lena n-obair ag cur le forbairt agus soláthar a róil rialála i gcúram sláinte na hÉireann.

Soláthraíonn Teiripeoirí Saothair seirbhís ríthábhachtach dá gcliaint agus baineann ríthábhacht le caidreamh atá bunaithe ar iontaoibh agus muinín. Forbairt dhearfach is ea an t-aistriú chuig clárúchán reachtúil, a sholáthraíonn ról ríthábhachtach geatóireachta maidir le caighdeáin ghairmiúla a choimeád.

Cuirfidh rialáil ghairm na teiripe saothair breis feabhais ar sheasamh na gairme agus níos tábhachtaí ná sin, soláthróidh sé cinntiú do mhuintir an phobail go gcomhlíonann Teiripeoirí Saothair na caighdeáin shonraithe fhaofa.

An 29 Aibreán, d'fhaomh an Bord na Critéir agus na Caighdeáin Inniúlachta do Chláir Oiliúna agus Oideachais.

Tugadh faoi obair fhairsing, comhairliúcháin phoiblí ar fhodhlíthe san áireamh, lena chinntiú gur chríochnaigh an Bord na caighdeáin le haghaidh oideachais, cáilíochtaí, clárúcháin agus an chóid iompair agus eitice. Leagann na cáipéisí seo an bhunchloch faoi rialáil na gairme. Tá sé beartaithe an Clár a oscailt go luath in 2015.

Soláthraíonn rialáil reachtúil oscailteacht agus freagracht níos mó don phobal, agus déanann sí cultúr inniúlachta agus forbartha gairmiúla leanúnaí a atreisiú le haghaidh gairmithe.

Mar chonclúid, táimid ag tnúth le leanúint leis an obair thábhachtach seo in 2015. Beimid i mbun idirchaidrimh lenár bpáirtithe leasmhara uile fad a chuirimid clárúchán Teiripeoirí Saothair chun cinn i gcaitheamh na hidirthréimhse clárúcháin dhá bhliain.

**Clodagh Nolan**
**Cathaoirleach**
**Bord Clárúcháin**
**na dTeiripeoirí Saothair**

**Ginny Hanrahan**
**Cláraitheoir**
**Bord Clárúcháin**
**na dTeiripeoirí Saothair**

# Gníomhaíochtaí an Bhoird in 2014

## Cúlra

Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair i bhFeabhra 2013 tar éis gur eisíodh fógra um cheapachán poiblí.

Forálann an tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) do 13 chomhalta dheonacha a cheapadh leis an mBord. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí a sheirbheálann ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha Taistil agus Cothabhála na Státseirbhíse.  Comhaltaí tuata iad seachtar ceapaithe, agus is comhaltaí den ghairm iad an seisear eile, a thugann faoi na limistéir a leanas den ghairm:

- Oideachas (1)
- Bainistíocht (2)
- Cleachtadh na teiripe saothair (3)

Toghadh Clodagh Nolan mar Chathaoirleach an Bhoird ag a gcéad chruinniú i bhFeabhra 2013.

## Ról

Faoin Acht, is é ról na mBord Clárúcháin an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin d'iompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht a chothú trí chlárú reachtúil gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta.

Tá Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair ag CORU freagrach as an méid a leanas:

- Clár chomhaltaí na gairme a bhunú agus a choimeád.
- Na cáilíochtaí a mheasúnú agus a aithint a baineadh amach lasmuigh den Stát.
- Cláir oideachais agus oiliúna a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu.
- An cód iompair agus eitice gairmiúla a chur le chéile.
- Na riachtanais a leagan amach le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach.

## An Bhunchloch a Leagan le haghaidh Rialála

Rinne an Bord Clárúcháin idirchaidreamh le gach páirtí leasmhar i rith na bpróiseas comhairliúcháin phoiblí sula ndearnadh na fodhlíthe a theastaigh chun rialáil reachtúil na gairme a thabhairt isteach. Ceadóidh na fodhlíthe seo don Chlár oscailt i Márta 2015. Rinne an Bord na fodhlíthe a leanas le faomhadh na Comhairle:-

> I.R. Uimh. 412 de 2014 – Fodhlí um Iarratas ar Chlárúchán Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair 2014
> I.R. Uimh. 527 de 2014 – Fodhlí Chód Iompair agus Eitice Gairmiúla Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair 2014

## Oideachas

## Critéir agus Caighdeáin Inniúlachta

Ar cheann d'fheidhmeanna Bord Clárúcháin is ea Caighdeáin Inniúlachta na gairme a leagan amach. Is iad na Caighdeáin Inniúlachta na caighdeáin tairsí iontrála chuig an ngairm a theastaíonn maidir le cleachtadh sábháilte agus oiriúnach na gairme. Is iad siúd an t-eolas, na scileanna, na hinniúlachtaí agus na saintréithe gairmiúla a theastaíonn ón ngairm. Céim thábhachtach i rialáil reachtúil na gairme a bhunú is ea na Caighdeáin Inniúlachta a leagan amach.

Cuireadh na dréacht-Chritéir agus dréacht-Chaighdeáin Inniúlachta le haghaidh cláir Oideachais agus Oiliúna na dTeiripeoirí Saothair le haghaidh comhairliúchán poiblí in airde ar www.coru.ie.

Rinne an Bord breithniú ar thuarascáil an chomhairliúcháin agus comhaontaíodh ar na Critéir agus na Caighdeáin Inniúlachta deiridh do Theiripeoirí Saothair in Aibreán 2014. Ar chríochnú na gCritéar agus na gCaighdeán Inniúlachta, chomhaontaigh an Bord chun líon leasuithe a dhéanamh ar an dréacht i ndiaidh go bhfuarthas 19 bhfreagairt ar an suirbhé ar líne. Áiríodh leo seo seacht ndréacht Aonair agus dhá dhréacht Eagraíochtúla déag, ó réimse leathan de pháirtithe leasmhara.

## Cáilíochtaí Faofa le haghaidh Clárúcháin

D'fhonn an Clár a oscailt, sainordaíodh an Bord na cáilíochtaí a fhaomhadh a theastaíonn le haghaidh clárúcháin.

I mBealtaine 2014, thug Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair cuireadh d'aighneachtaí agus do bhreathnú ar an bhFodhlí um "Cháilíocht Fhaofa" trí phróiseas comhairliúcháin phoiblí a fógraíodh sna nuachtáin náisiúnta agus ar www.coru.ie. Leagann an fodhlí seo amach na cáilíochtaí faofa chun an clár a iontráil. Rinne an Bord breithniú ar na freagairtí ag an gcruinniú a thionóil siad in Iúil.

Fuair na freagróirí deich ráiteas agus n-aighneacht ar an iomlán ar an dréacht-Fhodhlí agus rinne an Bord breithniú ar gach ceann. Bhain iad seo leis an méid a leanas: Blianta ina dhiaidh seo, Cruthúnas Cleachtaidh, Ballraíocht de Chomhlachtaí Gairmiúla, Sláinte agus Carachtar Iarratasóirí, Dearbhuithe Reachtúla, Minicíocht Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, Filleadh ar Chleachtas, Moilleanna ar Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána/Imréiteach na bPóilíní, Riachtanas UPSP agus breisiúcháin leis an bhFodhlí.

I nDeireadh Fómhair, d'athbhreithnigh an Bord ceithre thuarascáil agus mholadh measúnaithe cáilíochta, agus dheonaigh siad faomhadh cáilíochta don mhéid a leanas:

- Baitsiléir Eolaíochta (Teiripe Shaothair) a bhronnann Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
- Baitsiléir Eolaíochta (Teiripe Shaothair) a bhronnann Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- Baitsiléir Eolaíochta i dTeiripe Shaothair a bhronnann Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath (conair ceithre bliana)
- Baitsiléir Eolaíochta i dTeiripe Shaothair (Cáilíocht Ghairmiúil) a bhronnann Ollscoil Luimnigh

Rinneadh breis leasuithe ar an dréacht-fhodhlí chun an chonair a shoiléiriú a n-eascraíonn cáilíocht bhreise amháin aisti. Mar gheall ar an leasú seo, chomhaontaigh an Bord chun an Dréacht-Fhodhlí a sheoladh ar aghaidh le haghaidh tréimhse bhreise chomhairliúcháin phoiblí a chríochnaigh an 5 Eanáir 2015. Breithneoidh an Bord aon aighneachtaí agus bhreathnú breise go luath in 2015 sula ndéanann siad an Fodhlí sula n-osclófar an clár an 31 Márta 2015.

## Clárúchán

Go luath in 2014, rinne an Bord "an tIarratas ar Fhodhlí Clárúcháin" a fhaomhadh agus a sheoladh ar aghaidh le haghaidh comhairliúchán poiblí. I ndiaidh an chomhairliúcháin agus athbhreithniú a dhéanamh ar na freagairtí, rinne an Bord an fodhlí in Iúil 2014.

## Cód Iompair agus Eitice Gairmiúla

Tá ar Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair glacadh le Cód Iompair agus Eitice Gairmiúla le haghaidh cláraithe sula n-osclaítear an Clár. Leagtar amach sa chód na caighdeáin iompair, feidhmíochta agus eitice nach mór do chláraithe cloí leo ar fud chúrsa a n-oibre mar theiripeoirí saothair cleachtacha. Nuair a bhíonn iarratas á dhéanamh acu, beidh ar iarratasóirí dearbhú reachtúil a shíniú a luann gur léigh siad, gur thuig siad agus go gcomhaontaíonn siad chun cloí leis an gCód.

Tá an Cód do theiripeoirí saothair bunaithe ar an gComhchód Iompair agus Eitice Gairmiúla lenar ghlac an Chomhairle. Rinne na 14 ghairmí comhaontú air seo faoi shainchúram CORU i ndiaidh comhairliúchán fairsing.

In Iúil, d’fhaomh an Bord Fodhlí an Chóid Iompair agus Eitice Gairmiúla 2014, faoi réir leasuithe comhaontaithe, atá le cur faoi bhráid an Údaráis Iomaíochta. Rinne an Bord plé ar na téarmaí “féiniúlacht ghairme” agus “ceartas gairme”.

Chinntigh Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair go ndeachthas i ngleic le riachtanais uathúla a ngairme nuair a bhí a gCód Iompair agus Eitice Gairmiúla á fhorbairt acu.

## Filleadh ar Chleachtadh

In Aibreán 2014, rinne an Bord breithniú ar an dréacht-Bheartas Creatlaí um Fhilleadh ar Chleachtas a d’eisigh an Chomhairle agus bhreithnigh siad riachtanais na gairme, faoi mar a bhain siad leis an gCreatlach.

D’fhaomh an Bord na trí chatagóir agus na tréimhsí gaolmhara nuashonraithe a leanas do chomhaltaí na gairme:

| | **An tréimhse nach rabhthas ag cleachtadh** | **Íoslíon uaireanta uasoiliúna/nuashonraithe ag teastáil** |
|---|---|---|
| Catagóir A | Gan bheith ag cleachtadh ar feadh 0-2 bhliain | Riachtanais ar bith |
| Catagóir B | Gan bheith ag cleachtadh ar feadh 2-5 bliana | 210 uair (30 lá) |
| Catagóir C | 5 bliana nó níos faide gan bheith ag cleachtadh | 420 uair (60 lá) |

Cuirfear an fodhlí seo amach chun comhairliúchán poiblí go luath in 2015.

## Cáilíochtaí Idirnáisiúnta – Feidhm Údaráis Inniúil

Beidh ar shealbhóirí cáilíochtaí idirnáisiúnta (nár aithníodh nó nár bailíochtaíodh iad roimhe seo laistigh den tír seo) aitheantas a bhaint amach dá gcáilíochtaí sula mbeidh siad i dteideal iarratas a dhéanamh ar chlárúchán.

Beidh an tÚdarás Inniúil le déanamh den Bhord do Cháilíochtaí Idirnáisiúnta a bhailíochtú/a aithint do Theiripeoirí Saothair  a bhfuil sé de rún acu oibriú in Éirinn tar éis go n-osclófar an clár an 31 Márta 2015. Chríochnaigh an Bord a gcuid oibre in 2014 chun gach ceann de na riachtanais don fheidhm seo a sholáthar.

## Gníomhaíochtaí Beartais

I rith na bliana, rinne an Bord athbhreithniú agus faomhadh ar na beartais a leanas le haghaidh rialáil na gairme:

- Cosaint an Teidil
- Déanamh cinntí Oiriúnacha agus Cearta
- Measúnú ar Inniúlacht Ghairmiúil (AoPC)
- Treoirlínte maidir le Measúnú Teanga

## Freastal ar chruinnithe Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair 2014

**Gluais maidir le freastal ar chruinnithe: √**: arna fhreastal X: leithscéalta nó as láthair SB: saoire bhreoiteachta S: ar scor *: Cathaoirleach

| | 18/02 | 29/04 | 10/06 | 08/07 | 16/09 | 23/10 | 25/11 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Odhrán Allen | X | SB | SB | SB | SB | SB | SB |
| Gaynor Beyer | √ | X | X | √ | √ | √ | √ |
| June Boulger | X | X | X | X | X | √ | X |
| Fionnuala Cook | √ | √ | √ | X | X | √ | √ |
| Anthony Gilligan | √ | X | S | S | S | S | S |
| Ailish Kelly | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| Orla McDonnell | √ | √ | X | √ | √ | X | √ |
| Tina McGrath | √ | √ | √ | X | √ | X | X |
| Clodagh Nolan* | √ | √ | X | √ | X | √ | √ |
| Lana O'Gorman | X | X | √ | √ | √ | √ | X |
| Máire O'Leary | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| Anne-Maree Quinn | √ | √ | √ | √ | √ | | √ |
| Elena Secas | √ | √ | X | X | √ | √ | √ |

Ag Rialáil Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health + Social Care Professionals

# Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga

# Tuarascáil Bhliantúil

6.5 Tuarascáil Bhliantúil 2014 - Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga

Cuntas atá sa tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga le linn 2014, a cuireadh faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, lena cuimsiú i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle.

## Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga

Cuntas atá sa tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga le linn 2013, a cuireadh faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, lena cuimsiú i dTuarascáil Bhliantúil 2013 na Comhairle, amhail a cheanglaítear faoi Alt 25(1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú).

### Réamhrá

Chas Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga le chéile den chéad uair i Márta 2013, tar éis gur bhunaigh an tAire Sláinte iad i bhFeabhra.

Soláthraíonn Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga seirbhís ríthábhachtach dá gcliaint agus baineann ríthábhacht le caidreamh atá bunaithe ar iontaoibh agus muinín. Forbairt dhearfach is ea an t-aistriú chuig clárúchán reachtúil, a sholáthraíonn ról ríthábhachtach geatóireachta maidir le caighdeáin ghairmiúla a choimeád.

Cuirfidh rialáil breis feabhais ar sheasamh na gairme agus níos tábhachtaí ná sin, soláthróidh sé cinntiú do mhuintir an phobail go gcomhlíonann teiripeoirí urlabhra agus teanga cláraithe na caighdeáin shonraithe fhaofa.

In 2013, leag an Bord an bhunchloch le haghaidh rialáil na gairme, agus rinneadh go leor oibre lena chinntiú go bhforbraítear na caighdeáin go héifeachtach. Anuas air sin, in 2013, cuireadh tús le hidirchaidreamh a dhéanamh leis an bpobal, le fostóirí agus comhaltaí na gairme i bhfoirm chéad chomhairliúchán poiblí an Bhoird.

Bhí an comhairliúchán seo ag plé le Critéir agus Caighdeáin Inniúlachta le haghaidh Oideachais agus Oiliúna. Is iad seo na riachtanais le haghaidh faomhadh cláir oideachais le haghaidh teiripeoirí urlabhra agus teanga.  Déanann mic léinn a n-éiríonn leo clár faofa a chríochnú an caighdeán inniúlachta don ghairm a chomhlíonadh agus tá siad i dteideal iarratas a dhéanamh ar iontráil ar an gClár. Nuair a críochnaítear é tar éis an chomhairliúcháin, úsáidfear na Critéir agus Caighdeáin Inniúlachta, chomh maith, i measúnú a dhéanamh ar inniúlacht ghairmiúil agus i gcáilíochtaí a baineadh amach lasmuigh den stát a aithint.

Táimid ag tnúth le leanúint leis an obair thábhachtach seo in 2014. Beimid i mbun idirchaidrimh lenár bpáirtithe leasmhara uile, teiripeoirí urlabhra agus teanga san áireamh, de réir mar a chruthaímid samhail rialála.  Soláthraíonn rialáil reachtúil oscailteacht agus freagracht níos mó don phobal, agus déanann sí cultúr inniúlachta agus forbartha gairmiúla leanúnaí a atreisiú le haghaidh gairmithe.

**Helen Shortt**
**Cathaoirleach**
**Bord Clárúcháin**
**na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga**

**Ginny Hanrahan**
**Cláraitheoir**
**Bord Clárúcháin**
**na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga**

# Gníomhaíochtaí an Bhoird in 2014

## Cúlra

Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga i bhFeabhra 2013 tar éis gur eisíodh fógra um cheapachán poiblí.

Forálann an tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) do 13 chomhalta dheonacha a cheapadh leis an mBord. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí a sheirbheálann ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha Taistil agus Cothabhála na Státseirbhíse. Comhaltaí tuata iad seachtar ceapaithe, agus is comhaltaí den ghairm iad an seisear eile, a dhéanann an méid a leanas:

- Bainistíocht seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm
- Oideachas agus oiliúint na gairme
- Cleachtadh na gairme

Ag chéad chruinniú an Bhoird i Márta 2013, rinneadh seisear comhaltaí a chur ar crannchur, i gcomhréir leis an nós imeachta lenar comhaontaíodh chun téarma dhá bhliain a sheirbheáil. Déanfaidh na comhaltaí eile téarma ceithre bliana a sheirbheáil.

Toghadh Helen Shortt mar Chathaoirleach an Bhoird agus seirbheálfaidh sí ar feadh téarma dhá bhliain mar Chathaoirleach. Seirbheálfaidh sí ar an mBord ar feadh ceithre bliana.

## Ról

Faoin Acht, is é ról na mBord Clárúcháin an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin d'iompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht a chothú trí chlárú reachtúil gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta.

Tá Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga ag CORU freagrach as an méid a leanas:

- Clár chomhaltaí na gairme a bhunú agus a choimeád
- Na cáilíochtaí a mheasúnú agus a aithint a baineadh amach lasmuigh den Stát
- Cláir oideachais agus oiliúna a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- An cód iompair agus eitice gairmiúla a chur le chéile
- Na riachtanais a leagan amach le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach.

I Márta 2013, thug an Bord faoi oiliúint ionduchtúcháin, a sholáthair an Fheidhmeannacht, chun an t-aistriú chuig a ról nua a éascú mar chomhaltaí Boird. Áiríodh leis an oiliúint seo seisiúin ar rialachas corparáideach agus eitic in oifig phoiblí, mar aon le tuiscint níos fearr a sholáthar ar ról CORU agus a gcroífheidhm chun an pobal a chosaint.

# An Bhunchloch a Leagan le haghaidh Rialála

## Oideachas

### Comhairliúchán Poiblí - Critéir agus Caighdeáin Inniúlachta

Ar cheann d'fheidhmeanna Bord Clárúcháin is ea Caighdeáin Inniúlachta na gairme a leagan amach. Is iad na Caighdeáin Inniúlachta na caighdeáin tairsí a theastaíonn maidir le cleachtadh sábháilte agus oiriúnach na gairme. Is iad siúd eolas, scileanna, inniúlachtaí agus saintréithe gairmiúla na gairme. Céim thábhachtach i rialáil reachtúil na gairme a bhunú is ea na Caighdeáin Inniúlachta a leagan amach.

Faoi Shamhain 2013, bhí dréacht-Chritéir agus dréacht-Chaighdeáin Inniúlachta réitithe ag an mBord le haghaidh oideachais agus oiliúna. Leagfaidh na Critéir agus na Caighdeáin Inniúlachta an bonn faoi réimse gníomhaíochtaí, lena n-áirítear faomhadh cáilíochtaí agus clár a theastaíonn le haghaidh clárúcháin leis an ngairm seo agus measúnú a dhéanamh ar inniúlacht ghairmiúil.

Cuireadh na dréacht-Chritéir agus dréacht-Chaighdeáin Inniúlachta le haghaidh cláir Oideachais agus Oiliúna na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga amach le haghaidh comhairliúchán poiblí ar on i Nollaig 2013.

Déanfaidh an Bord breithniú ar thuarascáil an chomhairliúcháin go luath in 2014 agus foilseofar na Critéir agus Caighdeáin deiridh Inniúlachta le haghaidh Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga ar www.coru.ie.

### Cáilíochtaí Faofa le haghaidh Clárúcháin

D'fhonn an Clár a oscailt, tá ar an mBord na cáilíochtaí a fhaomhadh a theastaíonn le haghaidh clárúcháin.
In 2013, thosaigh Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga leis an bpróiseas seo agus rachaidh Fodhlí um "Cháilíocht Fhaofa" amach le haghaidh comhairliúchán poiblí, ina leagfar amach an cháilíocht le haghaidh clárúcháin go luath in 2014.

## Clárúchán

### An Clár

I mBealtaine 2013, d'fhaomh Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga sonraí na gcláraithe a choimeádfar ar an gClár. Áirítear leo an t-ainm gairmiúil faoina gcleachtann an cláraí, an áit phríomha chleachtais, fógraí faoi oiriúnacht chun cleachtadh agus uimhreacha uathúla clárúcháin. Anuas air sin, d'fhaomh an Bord foirm an Teastais Chlárúcháin a eiseofar gach bliain ar athnuachan clárúcháin.

D'fhaomh an Bord nach mór do na cleachtóirí reatha bheith ag tabhairt faoi chleachtas na gairme ar feadh dhá bhliain de na cúig bliana sula n-osclófar an Clár.  Beidh ar iarratasóirí a dhéanann iarratas faoi na socruithe idirthréimhseacha cruthúnas i leith fostaíochta a sholáthar i gcleachtas na gairme don tréimhse seo.
Beidh ar chleachtóirí príobháideacha féindearbhú a dhéanamh maidir lena gcleachtas agus cruthúnas i dtaobh árachas cúitimh ghairmiúil a sholáthar mar aon le trí earra eile cruthúnais (a roghnófar ó liosta seasta).

In Iúil 2013, ghlac Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga le treoirlínte na Comhairle maidir leis an idirthréimhse. Tar éis go n-osclaítear Clár, teastaíonn idirthréimhse dhá bhliain chun an deis a thabhairt do theiripeoirí urlabhra agus teanga atá i mbun cleachtaidh cheana féin iarratas a dhéanamh ar chlárúchán agus lena shásamh don Bhord Clárúcháin go gcomhlíontar na riachtanais.

Tá ar Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga measúnú ar inniúlacht ghairmiúil a dheimhniú.  Baineann seo le hábhar i gcás iarratasóirí nach bhfuil cáilíocht fhaofa acu ná cáilíocht a liostaítear san Acht le haghaidh cleachtóirí reatha nó cáilíocht atá ábhartha a dhóthain agus a bhí ag cleachtadh sa Stát ar feadh dhá bhliain as na cúig bliana sular osclaíodh an Clár. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreatlach a sholáthair an Chomhairle ag CORU, in Iúil 2013, thosaigh an Bord leis an bpróiseas chun an tástáil ar inniúlacht ghairmiúil a leagan amach, a léireoidh conas a chomhlíonann siad na caighdeáin inniúlachta.  Cuirfear an obair seo i gcrích go luath in 2014.

## Cód Iompair agus Eitice Gairmiúla

Tá ar Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga glacadh le Cód Iompair agus Eitice Gairmiúla le haghaidh cláraithe sula n-osclaítear an Clár.  Leagfar amach sa chód na caighdeáin iompair, feidhmíochta agus eitice nach mór do dhiaitéitigh cloí leo ar fud chúrsa a n-oibre. Nuair a bhíonn iarratas á dhéanamh acu, beidh ar iarratasóirí dearbhú reachtúil a shíniú a luann gur léigh siad, gur thuig siad agus go gcomhaontaíonn siad chun cloí leis an gCód.

Ghlac an Chomhairle ag CORU le creatlach le haghaidh Cód coiteann Iompair agus Eitice Gairmiúla (Cód na Comhairle), lenar chomhaontaigh na 14 ghairmí tar éis dul i gcomhairliúchán.

Ní mór do Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga a chinntiú go dtéitear i ngleic le riachtanais uathúla a ngairme nuair a bhíonn a gCód Iompair agus Eitice Gairmiúla á fhorbairt acu.

Ar iarraidh an Bhoird, cheap an Chomhairle ag CORU Anna van der Gaag, Cathaoirleach Reatha Chomhairle na nGairmeacha Sláinte agus Comhalta Honórach Taighde, Ollscoil Ghlaschú agus Rachel Leonard, Léachtóir i nDisciplín na Teiripe Urlabhra agus Teanga, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, mar thaighdeoirí.

Rachaidh an Cód Iompair agus Eitice Gairmiúla amach le haghaidh comhairliúchán poiblí in 2014.

**Comhaltaí an Fhoghrúpa Oideachais**
Martine Smith
Chinwe Rose Anago
Celia Nichol
Fiona Gibbon

## Freastal ar chruinnithe an BCTUT in 2014

**Gluais maidir le freastal ar chruinnithe:** √: arna fhreastal X: leithscéalta nó as láthair *: Cathaoirleach

| | 19/02 | 24/04 | 17/06 | 17/07 | 09/09 | 14/10 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Chinwe Rose Anago | X | √ | √ | X | X | √ |
| Aileen Barrett | X | √ | √ | √ | √ | √ |
| Paula Bradley | √ | √ | √ | X | √ | √ |
| Fiona Gibbon | X | √ | X | √ | √ | √ |
| Irene Gunning | X | X | √ | X | X | √ |
| Suzanne Keenan | X | √ | x | X | X | √ |
| Sinéad Kennedy | √ | √ | √ | √ | X | X |
| Maeve Murphy | √ | √ | X | X | √ | √ |
| Celia Nichol | √ | X | X | √ | √ | X |
| Fintan Reddy | X | √ | √ | X | √ | √ |
| Agnes Shiel | √ | √ | X | X | √ | √ |
| Helen Shortt* | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| Martine Smith | √ | √ | √ | √ | √ | X |

Ag Rialáil Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health + Social Care Professionals

Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí

# Tuarascáil Bhliantúil

## 6.6 Tuarascáil Bhliantúil 2014 - Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí

Cuntas atá sa tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí Bhord Clárúcháin na bhFisteiripeoirí le linn 2014, a cuireadh faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, lena cuimsiú i dTuarascáil Bhliantúil 2014 na Comhairle, amhail a cheanglaítear faoi Alt 25(1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) (an tAcht).

# Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí

Cuntas atá sa tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí Bhord Clárúcháin na bhFisteiripeoirí le linn 2014, a cuireadh faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, lena cuimsiú i dTuarascáil Bhliantúil 2014 na Comhairle, amhail a cheanglaítear faoi Alt 25(1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) (an tAcht).

## Réamhrá

Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí an 20 Bealtaine 2014.
Bhí rialáil á lorg ag an ngairm le blianta fada agus cuireadh fáilte fhairsing roimh bhunú an Bhoird agus caitheadh leis mar fhorbairt an-dearfach do chleachtóirí agus don phobal araon.

Mar gheall ar chlárúchán reachtúil, cosnófar an teideal 'fisiteiripeoir' go dleathach, agus cinnteofar don phobal níos mó gur shásaigh duine aonair an Bord gur éirigh leo gach caighdeán riachtanach a chomhlíonadh chun tabhairt faoina róil go héifeachtach, agus tacófar le cleachtóirí ina gcuid oibre trí chód iompair agus eitice gairmiúla. Áireofar leis an gCód an gá le forbairt ghairmiúil leanúnach, a chur ar chumas fisiteiripeoirí a chinntiú go bhfuil a n-eolas agus a scileanna cothrom le dáta agus go mbaineann siad lena gcleachtas.

Ón gcéad chruinniú a bhí acu, chuir an Bord Clárúcháin obair chun cinn i líon limistéir thábhachtacha, agus cruthaíonn gach ceann díobh an bhunchloch do rialáil na gairme. Leanfar leis an obair seo in 2015 fad a dhruideann oscailt an Chláir linn níos déanaí i mbliana. Ina measc seo, tá oibriú ar an gCód Iompair agus Eitice Gairmiúla, na Caighdeáin Inniúlachta d'oideachas cláraithe amach anseo, na cáipéisí a ullmhú le haghaidh comhairliúchán poiblí.

Fuair an Bord Clárúcháin iarratas ón Aire Sláinte chun é a chur ar an eolas ar an ngá atá leis an teideal "teiripeoir fisiceach" a chosaint agus ar conas dul chun cinn a dhéanamh leis an gceist seo.  Bhí breithniú á dhéanamh ag an mBord ar an gceist agus tá orthu freagra a thabhairt don Aire faoi dheireadh Fheabhra 2015. Rinne Cumann Theirpeoirí Fisiceacha na hÉireann agus Comhlachas Fhisiteiripeoirí Cairte na hÉireann cur i láthair don Bhord.

Cruthóidh comhairliúcháin phoiblí ar chroíghnéithe an chórais nua rialála cuid thábhachtach dár ngníomhaíocht in 2015 agus spreagaimid gach gairmí, fostóir agus duine den phobal idirchaidreamh a dhéanamh leis an mBord. Beidh ról tábhachtach ag bhur gcuid tuairimí chun córas clárúcháin reachtúil a fhorbairt.

Ba mhian linn buíochas a ghabháil le comhaltaí an Bhoird as ucht a dtiomantais agus a ndírithe i mbliana agus táimid ag dréim le hoibriú leo arís an bhliain seo chugainn. Cinntíonn an meascán d'ionadaithe tuata agus gairmiúla atá ag oibriú le chéile ar an mBord Clárúcháin go bhfuil córas cothrom, cóir agus freagrúil rialála á fhorbairt againn.

**Anne Horgan**
**Cathaoirleach**

**Ginny Hanrahan**
**Cláraitheoir**

# Gníomhaíochtaí an Bhoird in 2014

## Cúlra

Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí an 20 Bealtaine 2014 i ndiaidh fógra um cheapachán poiblí.  Bhí an chéad chruinniú acu an 12 Meitheamh 2014 agus chas an Bord ar a chéile sé huaire sa bhliain.

Forálann an tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) do 13 chomhalta dheonacha a cheapadh leis an mBord. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí a sheirbheálann ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha Taistil agus Cothabhála na Státseirbhíse.

Comhaltaí tuata iad seachtar díobh, agus is ainmnithe gairmiúla iad an seisear eile, a dhéanann ionadaíocht don mhéid a leanas:

- Bainistíocht seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm
- Oideachas agus oiliúint na gairme
- Cleachtadh na gairme

Ag chéad chruinniú an Bhoird an 12 Meitheamh, rinneadh seisear comhaltaí a chur ar crannchur, i gcomhréir leis an nós imeachta lenar comhaontaíodh chun téarma dhá bhliain a sheirbheáil. Déanfaidh na comhaltaí eile téarma ceithre bliana a sheirbheáil.

Toghadh Anne Horgan mar an gcathaoirleach agus beidh an oifig sin aici ar feadh téarma dhá bhliain.   Seirbheálfaidh sí ar an mBord ar feadh téarma ceithre bliana.

## Ról

Faoin Acht, is é ról na mBord Clárúcháin ag CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin d'iompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht a chothú trí chlárú reachtúil gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta.
Tá Bord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí ag CORU freagrach as an méid a leanas:

- Clár chomhaltaí na gairme a bhunú agus a choimeád
- Na cáilíochtaí a mheasúnú agus a aithint a baineadh amach lasmuigh den Stát
- Cláir oideachais agus oiliúna a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- An cód iompair agus eitice gairmiúla a chur le chéile
- Na riachtanais a leagan amach le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach.

I Márta 2014, thug an Bord faoi oiliúint ionduchtúcháin, a sholáthair an Fheidhmeannacht, chun an t-aistriú chuig a ról nua a éascú mar chomhaltaí Boird. Áiríodh leis an oiliúint seo seisiúin ar rialachas corparáideach agus eitic in oifig phoiblí, mar aon le tuiscint níos fearr a sholáthar ar ról CORU agus a gcroífheidhm chun an pobal a chosaint.

## An Bhunchloch a Leagan le haghaidh Rialála

## Cosaint an Teidil

Faoin Acht, déantar soláthar do theidil ghairmeacha ainmnithe a úsáid agus a chosaint, lena n-áirítear teideal "Fisiteiripeoir". Forálann an tAcht gur féidir leis an Aire breis teideal a shannadh i ndiaidh comhairliúchán leis an mBord Clárúcháin. Chomh maith leis sin, féadfaidh an tAire dul i gcomhairle le haon eagraíocht eile a mheasann sé is cuí. Chuir an tAire tús leis an bpróiseas comhairliúcháin leis an mBord go déanach in 2014.

Go hidirnáisiúnta, úsáideann an ghairm chéanna an dá theideal. Tá an chuma air go bhfuil Éire uathúil sa mhéid gur oibrigh teiripeoirí fisiceacha mar ghairm aonair amach ón bhfisiteiripe ar feadh roinnt mhaith ama. Thosaigh an Bord a gcuid breithniúchán ar úsáid an teidil in Éirinn agus cibé acu ar cheart nó nár cheart an teideal a chosaint.

Chuala an Bord cur i láthair a rinne toscaire ó gach ceann de na comhlachtaí gairmiúla – Cumann Fhisiteiripeoirí Cairte na hÉireann agus Comhlachas Theiripeoirí Fisiceacha na hÉireann – maidir leis an gceist seo.

## Oideachas

## Critéir agus Caighdeáin Inniúlachta

Ar cheann d'fheidhmeanna Bord Clárúcháin is ea Caighdeáin Inniúlachta na gairme a leagan amach. Is iad na Caighdeáin Inniúlachta na caighdeáin tairsí iontrála a theastaíonn maidir le cleachtadh sábháilte agus oiriúnach na gairme. Is iad siúd eolas, scileanna, inniúlachtaí agus saintréithe gairmiúla an ghairmí.

Céim thábhachtach i rialáil reachtúil na gairme a bhunú is ea na Caighdeáin Inniúlachta a leagan amach. Ar iarraidh an Bhoird, cheap an Chomhairle ag CORU Aileen Barrett mar chomhairleoir oideachais chun tacú le hobair um fhorbairt caighdeán an Bhoird.

Faoi dheireadh 2014, bhí dréacht-Chritéir agus dréacht-Chaighdeán Inniúlachta réitithe ag an mBord le haghaidh oideachais agus oiliúna. Nuair a chríochnófar iad, leagfaidh na Critéir agus na Caighdeáin Inniúlachta an bonn faoi réimse gníomhaíochtaí, lena n-áirítear faomhadh cláir oideachais agus oiliúna, aithint cáilíochtaí idirnáisiúnta agus measúnú a dhéanamh ar inniúlacht ghairmiúil.

Lean na dréacht-Chritéir agus na dréacht-Chaighdeáin Inniúlachta le haghaidh cláir Oideachais agus Oiliúna Fisiteiripeoirí ar aghaidh le haghaidh comhairliúchán poiblí go déanach in 2014. Déanfaidh an Bord breithniú, ansin, ar thorthaí an chomhairliúcháin agus déanfaidh siad comhaontú ar na Critéir agus Caighdeáin deiridh Inniúlachta le haghaidh chláir Oideachais agus Oiliúna na gairme, mar aon le glacadh leo.

## Cáilíochtaí Faofa le haghaidh Clárúcháin

D’fhonn an Clár a oscailt, tá ar an mBord na cáilíochtaí a fhaomhadh a theastaíonn le haghaidh clárúcháin.

In 2014, thosaigh Bord na bhFisiteiripeoirí leis an bpróiseas seo agus rachaidh Fodhlí um “Cháilíocht Fhaofa” amach le haghaidh comhairliúchán poiblí, ina leagfar amach na cáilíochtaí a theastaíonn le haghaidh clárúcháin go luath in 2015.

## Clárúchán

Ghlac an Bord le treoirlínte na Comhairle maidir leis an idirthréimhse. Tar éis go n-osclaítear Clár, teastaíonn idirthréimhse dhá bhliain chun an deis a thabhairt d’iarratasóirí atá i mbun cleachtadh cheana féin iarratas a dhéanamh ar chlárúchán agus lena shásamh don Bhord Clárúcháin go gcomhlíontar na riachtanais.

I ndiaidh dheireadh na hidirthréimhse tar éis go n-osclaítear an Clár, ní bheidh ach cleachtóirí cláraithe i dteideal an teideal cosanta a úsáid.

## Cód Iompair agus Eitice Gairmiúla

Tá ar Bhord Clárúcháin na bhFisiteiripeoirí glacadh le Cód Iompair agus Eitice Gairmiúla le haghaidh cláraithe sula n-osclaítear an Clár.  Leagtar amach sa chód na caighdeáin iompair, feidhmíochta agus eitice nach mór do chomhaltaí den ghairm sin cloí leo i gcaitheamh a n-oibre. Nuair a bhíonn iarratas á dhéanamh acu, beidh ar iarratasóirí dearbhú reachtúil a shíniú a luann gur léigh siad, gur thuig siad agus go gcomhaontaíonn siad chun cloí leis an gCód.

Ghlac an Chomhairle ag CORU le creatlach le haghaidh Cód coiteann Iompair agus Eitice Gairmiúla (Cód na Comhairle), lenar chomhaontaigh na 14 ghairmí tar éis dul i gcomhairliúchán.

Ní mór do Bhord Clárúcháin na dTeiripeoirí Saothair a chinntiú go dtéitear i ngleic le riachtanais uathúla a ngairme nuair a bhíonn a gCód Iompair agus Eitice Gairmiúla á fhorbairt acu.

Críochnóidh an Bord an breithniú a dhéanfar ar an dréacht-Chód Iompair agus Eitice Gairmiúla go luath in 2015. Leanfaidh an dréacht ar aghaidh go dtí comhairliúchán poiblí agus chuig an Údarás Iomaíochta, sula bhfaomhfar é agus sula ndéanfar Fodhlí as.

## Freastal ar chruinnithe an BCF in 2014

**Gluais maidir le freastal ar chruinnithe:** √: arna fhreastal X: leithscéal nó as láthair *: Cathaoirleach S: ar scor N: níl sé/sí ar an mBord

| | 12 06 | 15 07 | 12 09 | 20 10 | 13 11 | 10 12 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ruth Magee** | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| **Aileen Sheehan** | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| **Martina Ryan** | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| **Ruth Whelan** | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| **Anne Horgan** | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| **Emma Stokes** | √ | X | X | √ | √ | √ |
| **Jane Carolan** | √ | X | √ | √ | √ | X |
| **John Dolan** | √ | √ | √ | X | X | X |
| **Giuseppe DeVito** | √ | X | X | X | √ | √ |
| **John Kerrane** | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| **Padraig Heverin** | √ | √ | √ | √ | X | √ |
| **Roy Brennan** | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| **Mark Delargy** | √ | √ | X | √ | √ | √ |

Ag Rialáil Gairmithe Sláinte
agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health +
Social Care Professionals

Bord Clárúcháin Eatramhach na nGairmithe Radharceolaíochta

# Tuarascáil Bhliantúil

## 6.7 Tuarascáil Bhliantúil 2014 - Bord Clárúcháin Eatramhach na nGairmithe Radharceolaíochta

Cuntas atá sa tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí Bhord Clárúcháin Eatramhach na nGairmithe Radharceolaíochta le linn 2014, a cuireadh faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, lena cuimsiú i dTuarascáil Bhliantúil 2014 na Comhairle.

## Bord Clárúcháin Eatramhach na nGairmithe Radharceolaíochta

Cuntas atá sa tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí Bhord Clárúcháin Eatramhach na nGairmithe Radharceolaíochta le linn 2014, a cuireadh faoi bhráid na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, lena cuimsiú i dTuarascáil Bhliantúil 2014 na Comhairle, amhail a cheanglaítear faoi Alt 25(1) den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) (an tAcht).

## Réamhrá

Thug Bord na Radharceolaithe faoi rialáil do ghairmeacha an Radharceolaí agus an Optaiméadraí Dáilte ó 1956 i leith. In 2008, fógraíodh cinneadh an Rialtais chun Bord na Radarcmhastóirí (Bord na Radharceolaithe) a chomhchuimsiú isteach sa Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (CORU), mar chuid de chlár cuíchóirithe. Athdhearbhaíodh an cinneadh in 2011.

Áiríodh reachtaíocht chun Bord na Radharceolaithe agus a bhfreagrachtaí rialála a aistriú chuig CORU leis an Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014 agus táthar ag súil le hOrdú um Thosach Feidhme in 2015.

Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin Eatramhach na nGairmithe Radharceolaíochta an 9 Aibreán 2014 chun ullmhú a dhéanamh d'aistriú na gClár reatha agus na riachtanas rialála amach anseo d'Optaiméadraithe agus do Radharceolaithe Dáilte. Ceapadh an Bord seo ar bhonn neamhreachtúil go dtí an tráth sin gur féidir leis an Aire Bord Clárúcháin na nGairmithe Radharceolaíochta a cheapadh, a mbeifear ag súil leis in 2015. Cuireadh fáilte fhairsing roimh bhunú an Bhoird Eatramhaigh mar fhorbairt an-dearfach do chleachtóirí agus don phobal araon.

Soláthraíonn clárúchán reachtúil dearbhú níos mó don phobal gur shásaigh duine aonair an Bord gur éirigh leo gach caighdeán riachtanach a chomhlíonadh chun tabhairt faoina róil go héifeachtach, agus tacófar le cleachtóirí ina gcuid oibre trí chód iompair agus eitice gairmiúla. Áireofar leis an gCód an gá le forbairt ghairmiúil leanúnach, a chur ar chumas gairmithe a chinntiú go bhfuil a n-eolas agus a scileanna cothrom le dáta agus go mbaineann siad lena gcleachtas. Beidh cláraithe faoi réir Oiriúnacht chun Cleachtadh den chéad uair.

Ón gcéad chruinniú a bhí acu, d'ullmhaigh agus chuir an Bord Clárúcháin Eatramhach obair chun cinn i líon limistéir thábhachtacha, agus leagfaidh gach ceann díobh an bhunchloch faoi rialáil na gairme amach anseo. Leanfaidh an obair agus na comhairliúcháin phoiblí seo ar na caighdeáin éagsúla i ndiaidh go mbunaítear Bord Clárúcháin na nGairmithe Radharceolaíochta.

Cruthóidh comhairliúcháin phoiblí ar chroíghnéithe an chórais nua rialála cuid thábhachtach dár ngníomhaíocht in 2015 agus spreagaimid gach gairmí, fostóir agus duine den phobal idirchaidreamh a dhéanamh leis an mBord. Beidh ról tábhachtach ag bhur gcuid tuairimí chun

córas clárúcháin reachtúil a fhorbairt.

Ba mhian linn buíochas a ghabháil le comhaltaí an Bhoird Eatramhaigh as ucht a dtiomantais agus a ndírithe i mbliana agus táimid ag dréim le hoibriú leo sa bhliain amach romhainn. Cinntíonn an meascán d'ionadaithe tuata agus gairmiúla atá ag oibriú le chéile ar an mBord Clárúcháin Eatramhach go bhfuil córas cothrom, cóir agus freagrúil rialála á fhorbairt againn.

**Peter McGrath**
**Cathaoirleach**

**Ginny Hanrahan**
**Cláraitheoir**

# Gníomhaíochtaí an Bhoird in 2014

## Cúlra

Cheap an tAire Sláinte Bord Clárúcháin Eatramhach na nGairmithe Radharceolaíochta an 09 Aibreán 2014. Bhí an chéad chruinniú ar siúl an 20 Bealtaine agus chas an Bord ar a chéile sé huaire sa bhliain.

Forálann an tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) do 13 chomhalta dheonacha a cheapadh leis an mBord. Ní íoctar aon luach saothair le comhaltaí a sheirbheálann ar an mBord, seachas rátaí caighdeánacha Taistil agus Cothabhála na Státseirbhíse.

Comhaltaí tuata iad seachtar comhaltaí, agus is ainmnithe gairmiúla iad an seisear eile – ceathrar Optaiméadraithe agus beirt Radharceolaithe Dáilte, a dhéanann ionadaíocht don mhéid a leanas:

- Bainistíocht seirbhísí a sholáthraíonn an ghairm
- Oideachas agus oiliúint na gairme
- Cleachtadh na gairme

Ag an gcéad chruinniú a bhí ag an mBord an 20 Bealtaine 2014, toghadh Peter McGrath mar an gcathaoirleach.

Is iad comhaltaí an Bhoird:
Peter McGrath (Cathaoirleach) Vivienne Starr, Peter Davison, Owen Blee, Norma Judge, Eilis Dolan- English, Séamus Boland, Majella Daly, Charles Irwin, Martin Coyne, Patricia Logan, Anne Sheehan agus John Doran.

## Ról

Faoin Acht, is é ról na mBord Clárúcháin ag CORU an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin d'iompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht a chothú trí chlárú reachtúil gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta.

Tá Bord Clárúcháin Eatramhach na nGairmithe Radharceolaíochta ag CORU freagrach as an méid a leanas a ullmhú sula mbunófar Bord Clárúcháin na nGairmithe Radharceolaíochta:

- An cód iompair agus eitice gairmiúla a chur le chéile
- Na critéir a fhorbairt chun na cláir oideachais agus oiliúna a fhaomhadh agus a fhorbairt
- Na caighdeáin inniúlachta a fhorbairt
- Na riachtanais a fhorbairt le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach.

Nuair a thitfidh aistriú chláir reatha Bhord na Radharceolaithe amach, tiocfaidh na freagrachtaí a leanas faoi shainchúram an Bhoird, chomh maith:

- Clár chomhaltaí na gairme a bhunú agus a choimeád
- Na cáilíochtaí a mheasúnú agus a aithint a baineadh amach lasmuigh den Stát
- Cláir oideachais agus oiliúna a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu

I mBealtaine 2014, thug an Bord faoi oiliúint ionduchtúcháin, a sholáthair an Fheidhmeannacht, chun an t-aistriú chuig a ról nua a éascú mar Chomhaltaí Boird Eatramhacha. Áiríodh leis an oiliúint seo seisiúin ar rialachas corparáideach agus eitic in oifig phoiblí, mar aon le tuiscint níos fearr a sholáthar ar ról CORU agus a gcroífheidhm chun an pobal a chosaint.

## An Bhunchloch a Leagan chun Rialáil a Fhorbairt

## Cód Iompair agus Eitice Gairmiúla

Ceanglaíodh ar an mBord Eatramhach chun dréacht-Chód Iompair agus Eitice Gairmiúla a ullmhú do chláraithe a rachadh ar aghaidh le haghaidh comhairliúchán poiblí i ndiaidh go mbunófaí Bord Clárúcháin na nGairmithe Radharceolaíochta.  D'ullmhaigh an Bord Eatramhach dréachtchóid d'Optaiméadraithe agus cód ar leith do Radharceolaithe Dáilte.

Leagfar amach sna cóid na caighdeáin iompair, feidhmíochta agus eitice nach mór do chomhaltaí den ghairm sin cloí leo i gcaitheamh a n-oibre. Nuair a bhíonn iarratas á dhéanamh acu ar chlárúchán, beidh ar iarratasóirí dearbhú reachtúil a shíniú a luann gur léigh siad, gur thuig siad agus go gcomhaontaíonn siad chun cloí leis an gCód.

Ghlac an Chomhairle ag CORU le creatlach le haghaidh Cód coiteann Iompair agus Eitice Gairmiúla (Cód na Comhairle), lenar chomhaontaigh na 14 ghairmí tar éis dul i gcomhairliúchán.

Chinntigh an Bord Clárúcháin Eatramhach go dtéitear i ngleic le riachtanais uathúla an dá ghairm nuair a bhíonn a ndréacht-Chóid Iompair agus Eitice Gairmiúla á bhforbairt acu.

## Ullmhú Beartais Eile

I rith na bliana, rinne an Bord Eatramhach athbhreithniú agus comhaontú ar dhréachtbheartais ar an méid a leanas:

- Cód Creatlach Chlárúcháin
- Samhail chomhairliúcháin
- Próiseas agus ullmhú fodhlíthe
- Creatlach dhéanta cinntí Oiriúnacha agus Cearta
- Baint dheonach ón gclár
- Beartas um cháilíochtaí idirnáisiúnta a aithint
- Faomhadh agus treoir mhonatóireachta do sholáthróirí cláir.

## Freastal ar chruinnithe an BCEGR in 2014

**Gluais maidir le freastal ar chruinnithe:** √: arna fhreastal X: leithscéal nó as láthair *: Cathaoirleach S: ar scor N: níl sé/sí ar an mBord

| | 20 05 | 27 06 | 28 07 | 29 09 | 31 10 | 01 12 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Norma Judge** | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| **Vivienne Starr** | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| **Owen Blee** | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| **Éilis Dolan-English** | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| **Peter McGrath Cathaoirleach** | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| **Séamus Boland** | X | √ | √ | √ | √ | √ |
| **Peter Davison** | √ | X | X | √ | √ | √ |
| **Majella Daly** | √ | √ | X | √ | √ | X |
| **Martin Coyne** | √ | √ | X | √ | √ | √ |
| **Charles Irwin** | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| **Patricia Logan** | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| **Ann Sheehan** | √ | X | √ | √ | √ | √ |
| **John Doran** | N | N | N | √ | √ | √ |

Ag Rialáil Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health + Social Care Professionals

# An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

## Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014

**CLÁR ÁBHAIR** **LEATHANACH**


| | |
|---|---|
| FAISNÉIS | 80 |
| TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE | 81 |
| AN RÁITEAS AR AN GCÓRAS RIALAITHE INMHEÁNAIGH AIRGEADAIS | 82 |
| AN RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ NA COMHAIRLE | 84 |
| AN RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA | 85 |
| AN CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS | 86 |
| AN CLÁR COMHARDAITHE | 87 |
| AN RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID | 88 |
| NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS | 89 |

**Comhaltaí na Comhairle**

Tom Jordan, Cathaoirleach
John O'Mullane
Halog Mellet
Marie Culliton
Odhrán Allen
Tony McAleer
Emma Stokes
Caroline McIntosh
Richard Booth
Michele Monahan
David Power
Declan Carey
Maeve Murphy
Jackie Reed
Martin Higgins
Kristin Quinn
Deirdre Madden
Joe Martin
Jenny Bulbulia
Muiris Fitzgerald
Mo Flynn (ceaptha an 24/04/2014)
Bernard McCartan (ceaptha an 27/06/2014)

**An Fhoireann Bhainistíochta Sinsearaí**

| | |
|---|---|
| Príomhoifigeach Feidhmiúcháin | Ginny Hanrahan |
| Ceann Seirbhísí Corparáideacha | Mary Griffin |
| Ceann Gnóthaí Dlíthiúla | Sinéad Boyle |
| Ceann Clárúcháin | Kieran Lenihan |
| Ceann Gníomhach an Oideachais | Aoife Sweeney |

**Ceanncheathrú**

CORU – an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh
13-15 An Meall
Bóthar na Raithní Móire
Áth an Ghainimh
Baile Átha Cliath 18

**Iniúchóir**

An t-Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

**Cuntasóirí**

Crowleys DFK
Cuntasóirí Cairte
16/17 Faiche an Choláiste
Baile Átha Cliath 2

## An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005. Áirítear sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta a leagtar amach iontu, an ráiteas ar bheartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an clár comhardaithe agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a forordaíodh faoi alt 21 den Acht, agus i gcomhréir le cleachtas cuntasaíochta lena bhfuil glacadh ginearálta in Éirinn amhail a mhionathraítear ag orduithe an Aire Sláinte maidir le cuntasaíocht le haghaidh costais aoisliúntais.

### Freagrachtaí na Comhairle

Tá an Chomhairle freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, lena chinntiú go dtugtar léiriú fíor agus cóir ar staid ghnóthaí na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus ar a hioncam agus caiteachas, agus le rialtacht idirbheartaíochtaí a chinntiú.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Táimse freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú a dhéanamh orthu de réir an dlí infheidhme.

Tugaimse faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na breithniúcháin speisialta lena mbaineann comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Tugaimse faoi m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an RA agus Éire) mar aon le Caighdeáin Eitice an Bhoird Chleachtais Iniúchóireachta d'Iniúchóirí a chomhlíonadh.

### Scóip Iniúchadh na Ráiteas Airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil faoi shuimeanna agus nochtadh sna ráitis airgeadais, ar leor iad lena chinntiú go réasúnta nach ann d'aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid is cúis leis. Áirítear leis seo measúnú ar an méid a leanas:

- cibé acu an cuí nach cuí do na beartais chuntasaíochta do chúinsí na Comhairle, agus cibé acu ar cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus cibé acu ar nochtaíodh nó nár nochtaíodh iad go cuí
- réasúntacht na mórmheastachán cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Ina theannta sin, tugaim faoi fhianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheartaíochtaí airgeadais i gcúrsa an iniúchta.

Chomh maith leis sin, léim tuarascáil bhliantúil na Comhairle chun aon neamhréireachtaí ábhartha i leith na ráiteas iniúchta airgeadais a shainaithint. Déanaim breithniú ar na himpleachtaí do mo thuarascáil má thugaim faoi deara aon mhíráiteas nó aon neamh-chomhsheasmhacht ábhartha.

### Tuairim faoi na Ráitis Airgeadais

I gcomhlíonadh orduithe an Aire Sláinte, ní chuireann an Chomhairle costais teidlíochtaí aoisliúntais san áireamh ach de réir mar a bhíonn siad iníoctha. Ní chomhlíonann an bonn seo cuntasaíochta Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 17 a cheanglaíonn go n-aithnítear na costais sin sa bhliain ina dtuilltear na teidlíochtaí.

I mo thuairim, seachas neamhaithint chostais agus dhliteanais aoisliúntas na Comhairle, tugtar seasamh fíor agus cóir ar staid ghnóthaí na Comhairle amhail an 31 Nollaig 2014 agus ar a cuid ioncaim agus caiteachais le haghaidh na bliana 2014 sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh i gceart de réir an chleachtais chuntasaíochta lena bhfuil glacadh ginearálta in Éirinn.

Is í mo thuairim gur choimeád an Chomhairle leabhair chuí chuntasaíochta. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.

### Ábhair ar a dTuairiscím trí Eisceacht

Déanaim tuairisciú trí eisceacht sna cásanna a leanas:

- Mura bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- thug mé aon chás ábhartha faoi deara i m'iniúchadh nár caitheadh airgead chun a gcríoch beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbheartaíochtaí i gcomhréir leis na húdaráis a bhí á rialú, nó
- níl an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil bhliantúil na Comhairle comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais ghaolmhara, nó
- ní léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh na Comhairle an Chóid Iompair um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- tugaim faoi deara gurb ann do cheisteanna ábhartha eile lena mbaineann an bealach a tugadh faoi ghnó poiblí.

níl aon rud le tuairisciú agam i ndáil leis na hábhair sin a dhéantar a thuairisciú trí eisceacht.

**Patricia Sheehan**

**Sínithe ag agus thar ceann**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**Nollaig 2015**

**1.** Thar cheann chomhaltaí na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, aithním ár bhfreagracht as a chinntiú go gcoimeádtar agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, seachas iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta go cuí agus go gcuirtear iad i dtaifead i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad go tráthúil.

**2. Príomhnósanna Imeachta Rialaithe**

Ghlac an Chomhairle bearta lena chinntiú go bhfuil timpeallacht chuí rialaithe i bhfeidhm, tríd an méid a leanas a dhéanamh:

- Freagrachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir,
- Glacadh leis na prionsabail rialachais chorparáidigh a chuimsítear sa *Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit*, lena n-áirítear:
  - Dearbhú um chomhlíonadh na dtreoirlínte soláthair amhail a leagtar amach iad sa Chód.
  - Dearbhú um chomhlíonadh sócmhainní diúscartha agus rochtana ar shócmhainní ag tríú páirtithe amhail a leagtar amach iad sa Chód.
  - Dearbhú um chur i bhfeidhm bheartas an Rialtais ar luach saothair POF.
  - Athbhreithniú déanta agus bail chríche curtha ar bheartais agus nósanna imeachta le héifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chinntiú.
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus sócmhainní na heagraíochta a chosaint.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreatlach faisnéis rialta bhainistíochta, córas tarmligin agus freagrachta, sraith nósanna imeachta airgeadais, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus seiceálacha diana leanúnacha ag an bhfeidhm airgeadais. Go háirithe san áireamh tá:

- Córas cuimsitheach buiséadta ag a bhfuil buiséad bliantúil, a ndéanann comhaltaí na Comhairle athbhreithniú agus faomhadh air.
- Teorainneacha údaraithe a leagan amach le haghaidh íocaíocht amach chistí na Comhairle.
- Athbhreithniú rialta ag an gComhairle ar fhaisnéis agus tuarascálacha tréimhsiúla agus bhliantúla (cuntais bhainistíochta san áireamh), a thugann feidhmíocht i leith na mbuiséad le fios.

Bunaíodh an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais in 2009. Chas an Coiste ar a chéile 6 huaire in 2014.

Bunaíodh meicníochtaí chun leordhóthanacht shlándáil na gcóras Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) a chinntiú, a n-áirítear leo beartais agus nósanna rialaithe oiriúnacha.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an gComhairle a dhéanann tuairisciú le Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais na Comhairle. Oibrítear an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Cuireann obair an iniúchóra sheachfhoinsithe inmheánaigh agus an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais faisnéis ar fáil do mhonatóireacht agus athbhreithniú na Comhairle ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
Tá feidhmeannacht na Comhairle freagrach as forbairt agus cothabháil na creatlaí rialuithe airgeadais.

Ar aon dul le beartas sceithireachta CORU, dheimhnigh an t-oifigeach sceithireachta nach ndearnadh aon nochtadh sceithireachta i mbliain airgeadais 2014. Deimhnímid, anuas air sin, nár sainaithníodh aon neamhrialtachtaí airgeadais le linn an athbhreithnithe ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

**3. Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe**

Dearbhaím, don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014, gur thug an Chomhairle faoi athbhreithniú seachtrach ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.



__________________
Tom Jordan
Cathaoirleach
Dáta: An 16 Nollaig 2015

## An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh
## An Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Comhairle

Bunaíodh an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh an 20 Márta 2007 faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, (arna leasú) 2005 (“an tAcht”).

Comhlacht reachtúil í an Chomhairle atá freagrach as a chinntiú go gcleachtann gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh i dtimpeallacht rialaithe, faoi rialú agus sábháilte ar bhealach a chinnteoidh go soláthrófar seirbhísí ardchaighdeáin sláinte agus cúraim shóisialta don phobal.

Ceanglaíonn Alt 21, Cuid 1 den Acht ar an gComhairle gach gnáthchuntas agus cuntas cuí a choimeád ar an airgead uile a fhaigheann nó a chaitheann sí, lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe. Agus na ráitis siúd airgeadais á réiteach, ceanglaítear an méid a leanas ar an gComhairle:-

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ina dhiaidh sin

- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama

- na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach, mura cuí a mheas go leanfaidh an Chomhairle i mbun feidhme

- aon imeacht ábhartha ó na Caighdeáin infheidhme Chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Deimhníonn an Chomhairle gur chomhlíon sí na ceanglais thuas agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aici. Tá an Chomhairle freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád, ina nochtar le cruinneas réasúnta, ag tráth ar bith, staid airgeadais na Comhairle agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 21, Cuid 1 den Acht. Tá an Chomhairle freagrach, chomh maith, as sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh, dá bhrí sin, chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

| | |
|---|---|
| Tom Jordan | Ginny Hanrahan |
| Cathaoirleach | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin |
| Dáta: An 10 Nollaig 2015 | Dáta: An 10 Nollaig 2015 |

**Ginearálta**

Bunaíodh an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh an 20 Márta 2007 faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú) ("an tAcht") chun gairmeacha ainmnithe sláinte agus cúraim shóisialta a rialáil.

**1. Bonn na Cuntasaíochta**

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir mhodh fabhraithe na cuntasaíochta, seachas sna cásanna a thugtar le fios thíos, agus de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Glactar le Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais, a mholann na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta, de réir mar a bhíonn siad infheidhme. Is é an t-aonad airgeadra an Euro.

**2. Deontas an Státchiste**

Déantar ioncam a léirítear sna cuntais faoi Dheontais an Státchiste a chur i gcuntas ar bhonn fáltais airgid.

**3. Táillí Clárúcháin**

Déantar ioncam sna cuntais faoi Tháillí Clárúcháin a chur i gcuntas ar bhonn fáltais airgid.

**4. Sócmhainní Seasta agus Dímheas**

(i) Luaitear sócmhainní seasta ar costas lúide dímheas carnach.

(ii) Dímheastar Sócmhainní Seasta ar a gcostas stairiúil lúide dímheas carnach. Gearrtar dímheas ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn líne dhíreach, ar na rátaí a leagtar amach thíos, d'fhonn na sócmhainní a dhíscríobh, atá coigeartaithe ar mhaithe le luach iarmharach, thar a saolré ionchasach úsáide, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Daingneáin agus feistis | 20% |
| Trealamh TF/oifige | 33.3% |

**5. An Cuntas Caipitil**

Léiríonn an Cuntas Caipitiúil luach an ioncaim a úsáideadh chun sócmhainní seasta a mhaoiniú.

**6. Aoisliúntas**

Forálann Alt 13 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, (arna Leasú) 2005 ("an tAcht") do bhunú scéime(anna) aoisliúntais ag an gComhairle. Scéim sochair shainithe atá sa scéim chun críocha Acht na bPinsean, 1990. Tá an scéim á hoibriú ar bhonn riaracháin ar feitheamh fhaomhadh an Aire Sláinte le toiliú an Aire Airgeadais.

Rinneadh an dlí d'Acht na bPinsean Seirbhíse Poiblí (Scéim Shingil agus Forálacha Eile), 2012 an 28 Iúil 2012 agus thug sé isteach Scéim nua Pinsin Seirbhíse Poiblí ("Scéim Shingil") ar cuireadh tús léi le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Comhaltaí den Scéim Shingil iad gach fostaí nua leis an gComhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh arb iontrálaithe nua iad chuig an Earnáil Phoiblí, an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin.

**An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh**
**An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais**
**don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014**

| | **Nótaí** | **An Bhliain dar Críoch An 31 Nollaig 2014 €** | **An Bhliain dar Críoch An 31 Nollaig 2013 €** |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontas an Státchiste | 1 | 2,193,614 | 1,813,210 |
| Táillí Clárúcháin | 2 | 450,381 | 393,153 |
| Ioncam ó Iasachtú Foirne | 3 | 102,780 | 109,618 |
| Asbhaintí Aoisliúntais Fostóra | | 41,239 | 36,429 |
| | | **2,788,014** | **2,352,410** |
| Aistriú chuig an gCuntas Caipitiúil | 13 | (12,732) | (79,674) |
| | | **2,775,282** | **2,272,736** |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail | 7 | 1,470,268 | 1,298,144 |
| Taisteal Foirne | | 25,820 | 30,684 |
| Costais Bhunaíochta | 4 | 42,298 | 40,825 |
| Riaracháin Oifige | 5 | 524,992 | 332,475 |
| Clárúchán | 6 | 196,645 | 186,807 |
| Táillí Dlíthiúla agus Gairmithe | 8 | 340,775 | 322,288 |
| Oideachas/CPD | | 59,322 | 49,034 |
| Táillí Iniúchóireachta | | 5,000 | 5,000 |
| Dímheas | | 37,521 | 35,016 |
| | | **2,702,641** | **2,300,273** |
| Barrachas/(Easnamh) don Bhliain | | 72,641 | (27,537) |
| Barrachas ag tús na bliana | | 35,693 | 63,230 |
| Barrachas ag deireadh na bliana | | **108,334** | **35,693** |

**Aithnítear gach caillteanas agus gnóthachan sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Cruthaíonn an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 18 cuid de na Ráitis Airgeadais seo.**

Tom Jordan
Cathaoirleach
Dáta: An 10 Nollaig 2015

Ginny Hanrahan
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Dáta: An 10 Nollaig 2015

## An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh
## An Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2014

| | Nótaí | An 31 Nollaig 2014 € | An 31 Nollaig 2013 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sócmhainní faoi Fhorbairt | 9 | 194,309 | 163,350 |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 10 | 31,385 | 49,613 |
| | | 225,694 | 212,963 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Airgead sa Bhanc | | 212,181 | 174,690 |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 11 | 34,689 | 25,988 |
| | | 246,870 | 200,678 |
| **Creidiúnaithe (Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)** | | | |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe | 12 | (138,535) | (93,645) |
| Soláthar | 14 | - | (71,340) |
| | | (138,535) | (164,985) |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 108,335 | 35,693 |
| **Sócmhainní Iomlána** | | **334,029** | **248,656** |
| **Arna léiriú ag** | | | |
| An Cuntas Caipitil | 13 | 225,695 | 212,963 |
| An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | 108,334 | 35,693 |
| | | **334,029** | **248,656** |

**Cruthaíonn an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 18 cuid de na Ráitis Airgeadais seo.**

Tom Jordan
Cathaoirleach
Dáta: An 10 Nollaig 2015

Ginny Hanrahan
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Dáta: An 10 Nollaig 2015

**An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh**
**An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid**
**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014**

| | Nótaí | An Bhliain dar Críoch An 31 Nollaig 2014 € | An Bhliain dar Críoch An 31 Nollaig 2013 € |
|---|---|---|---|
| **Réiteach an bharrachais don bhliain go dtí airgead ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Barrachas/(Easnamh) don Bhliain | | 72,641 | (27,537) |
| Muirear Dímheasa | 10 | 37,521 | 35,016 |
| (Méadú) ar Fhéichiúnaithe | | (8,701) | (7,395) |
| (Laghdú)/Méadú ar Chreidiúnaithe | | (26,450) | 121,908 |
| Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta | | 21 | 1,928 |
| Gluaiseacht ar an gcuntas caipitiúil | | 12,732 | 79,674 |
| Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | | **87,764** | **203,594** |
| **An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid** | | | |
| Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | | 87,764 | 203,594 |
| **Torthaí ar Infheistíochtaí agus ar Sheirbhísiú Airgeadais** | | | |
| Caiteachas Caipitil | 9 & 10 | (50,273) | (116,618) |
| **(Laghdú)/Méadú ar airgead sa bhliain** | | **37,491** | **86,976** |
| **Réiteach an ghlansreafa airgid chuig gluaiseacht sna glanchistí** | | | |
| Glanmhéadú ar airgead agus coibhéisí airgid | | 37,491 | 86,976 |
| Glanchistí ag tús na bliana | | 174,690 | 87,714 |
| Glanchistí ag deireadh na bliana | | **212,181** | **174,690** |

**Cruthaíonn an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 18 cuid de na Ráitis Airgeadais seo.**

Tom Jordan
Cathaoirleach
Dáta: An 10 Nollaig 2015

Ginny Hanrahan
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Dáta: An 10 Nollaig 2015

| **1. Deontas an Státchiste** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| | **€** | |
| Fotheideal E1 na Roinne Sláinte | 2,050,342 | 1,682,194 |
| Fotheideal H Vóta 38 na Roinne Sláinte (caipiteal) | 143,272 | 131,016 |
| | **2,193,614** | **1,813,210** |

| **2. Táillí Clárúcháin** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Táillí Oibrithe Sóisialta | 352,891 | 392,293 |
| Táillí Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga | 3,410 | - |
| Táillí Radagrafaithe | 84,780 | - |
| Táillí Diaitéiteach | 3,300 | - |
| Measúnacht ar Tháillí Inniúlachta Gairmiúla | 6,000 | - |
| Ioncam Ilghnéitheach | - | 860 |
| | **450,381** | **393,153** |

Mar chuid den idirbheartaíocht faoin gComhaontú Náisiúnta Pá, chomhaontaigh an Rialtas gur laghdaíodh na táillí cláraithe agus athnuachana anuas ó €295 sa bhliain in aghaidh an iarratasóra go dtí €100 ón 1 Eanáir 2013 go dtí deireadh 2016.
Ba é an spriocdháta iarratais le haghaidh gach oibrí reatha shóisialta an 31 Bealtaine 2013. Osclaíodh an clár do Radagrafaithe an 31 Deireadh Fómhair 2013 (agus tús á chur leis an idirthréimhse 2 bhliain) agus osclaíodh an clár do Dhiaitéitigh agus Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga an 31 Deireadh Fómhair 2014. Léiríonn ioncam a thaispeántar in 2013 táillí clárúcháin a fuarthas sa tréimhse ón 1 Nollaig 2013 go dtí an 31 Nollaig 2013. Léiríonn ioncam a thaispeántar in 2014 táillí clárúcháin sa tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2014.

| **3. Ioncam ó Iasachtú Foirne** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) | 65,583 | 109,618 |
| Tithe an Oireachtais | 30,458 | - |
| An Roinn Coimirce Sóisialaí | 6,739 | - |
| | **102,780** | **109,618** |

San áireamh san Ioncam ó Iasachtú Foirne tá táillí maidir le beirt chomhaltaí d'fhoireann Bhord Náisiúnta na gCáilíochtaí Oibre Sóisialta a rinneadh a athfhostú trí chomhaontú iasachtaithe chuig an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) ar dhíscaoileadh an NSWQB an 31 Márta 2011. Cuireadh deireadh leis an socrú iasachtaithe foirne seo i Lúnasa 2014. San áireamh san ioncam ó Iasachtú Foirne, chomh maith leis sin, tá táillí maidir le comhalta foirne a tugadh ar iasacht don Roinn Coimirce Sóisialaí i nDeireadh Fómhair 2014 agus comhalta foirne a tugadh ar iasacht do sheirbhísí Thithe an Oireachtais ó Lúnasa 2014 i leith.

| 4. Costais Bhunaíochta agus Chóiríochta | 2014<br>€ | 2013<br>€ |
|---|---|---|
| Deisiúcháin agus Cothabháil | 210 | 1,621 |
| Soilsiú agus Teas | 26,216 | 21,425 |
| Glantachán | 8,202 | 9,445 |
| Árachas | 2,787 | 3,488 |
| Slándáil | 4,883 | 4,846 |
| | **42,298** | **40,825** |

| 5. Riaracháin Oifige | 2014<br>€ | 2013<br>€ |
|---|---|---|
| Guthán | 15,784 | 17,495 |
| Forbairt TF agus Pleanáil Straitéiseach | 59,844 | 10,484 |
| Ceadúnais TF agus Cothabháil | 16,129 | 12,576 |
| Tacaíocht agus Tithíocht TF | 139,480 | 81,734 |
| Iniúchtaí Slándála TF | 16,259 | 6,519 |
| Árachas | 10,290 | - |
| Costais Pháipéarachais agus Oifige | 45,582 | 38,799 |
| Muirir Earcaíochta agus Foireann Ghníomhaireachta | 23,215 | 12,935 |
| Oiliúint Foirne agus Comhdhálacha | 60,134 | 40,725 |
| Stipinn an Chathaoirligh | 8,978 | 8,978 |
| Oiliúint na gComhaltaí | 14,926 | 19,375 |
| Costais an Bhoird | 82,984 | 62,800 |
| Suibscríbhinní | 5,265 | 3,949 |
| Táillí Bainc | 3,877 | 2,147 |
| Soláthairtí Oifige agus Costais Ghinearálta Oifige | 9,841 | 5,487 |
| Cló agus Foilseacháin | 12,404 | 8,472 |
| | **524,992** | **332,475** |

| 5(a). Miondealú ar Chostais Chruinnithe an Bhoird agus na Comhairle | 2014<br>€ | 2013<br>€ |
|---|---|---|
| Cruinnithe na Comhairle – Costais Chruinnithe | 11,212 | 10,460 |
| Cruinnithe na Comhairle – Taisteal* | 10,878 | 13,140 |
| Costais Toghcháin | 18,238 | - |
| Fochoiste – Costais Chruinnithe | 842 | 1,887 |
| Fochoiste – Taisteal | 1,521 | 1,267 |
| Cruinnithe an Bhoird Chlárúcháin (7 mBord) – Costais Chruinnithe | 13,767 | 6,232 |
| Cruinnithe an Bhoird Chláraithe (7 mBord) – Taisteal | 26,526 | 29,814 |
| | **82,984** | **62,800** |

* Áirítear leis seo €3,356 maidir le taisteal iasachta in 2014 (2013: €3,530).

**6. Clárúchán**

| | 2014 € | 2013 € |
|---|---:|---:|
| Measúnú agus Próiseáil Iarratas | 151,475 | 162,113 |
| Comhairliúchán agus Fógairt Phoiblí | 5,810 | 17,314 |
| Léarscáiliú Próisis agus Feabhsú Cáilíochta | 39,360 | 7,380 |
| | **196,645** | **186,807** |

**7. Tuarastail**

| | 2014 € | 2013 € |
|---|---:|---:|
| Tuarastail | 1,375,673 | 1,171,503 |
| Costais Phinsin | 31,012 | 31,012 |
| Tacaíocht Sheachfhoinsithe | 63,583 | 95,629 |
| | **1,470,268** | **1,298,144** |

B’ionann an líon iomlán foirne coibhéise lánaimseartha a bhí fostaithe ag an gComhairle ag deireadh na bliana agus 26.5 anuas ar an POF (2013 - 20). Áirítear leis an muirear costais a bhaineann leis na comhaltaí foirne a tugadh ar iasacht i rith na bliana ach nach n-áirítear sa choibhéis lánaimseartha.

| | 2014 € | 2013 € |
|---|---:|---:|
| Iomlán na dtuarastal a íocadh | 1,375,673 | 1,171,503 |
| Costais na foirne ar iasacht (nach n-áirítear leis an gcoibhéis lánaimseartha) | (102,780) | (109,618) |
| Costais foirne | **1,272,893** | **1,061,885** |

Asbhaineadh €55,212 (2013: €49,007) de thobhach pinsin ó thuarastail agus íocadh é leis an Roinn Sláinte.

**Luach Saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin**

Athghearrann Ospidéal Beaumont costais tuarastail an POF ar an gComhairle. Ba í an tsuim iomlán a aisíocadh le hOspidéal Beaumont Hospital i dtaca le tuarastal an POF in 2014 agus €98,460 (2013: €99,281), pinsean €19,870 (2013: €20,463) agus muirear riaracháin €750 (2013: €750). Léirítear na suimeanna seo sna Costais Tuarastail thuas.

Ní bhfuair an POF aon phá a bhain le feidhmíocht ná aon liúntas BIK. Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an POF na teidlíochtaí caighdeánacha a shonraítear sa scéim shamhlach aoisliúntais shochair shainithe de chuid na hearnála poiblí.

Dheimhnigh an POF costais maidir le Taisteal agus Cothabháil €8,020, ar an iomlán, in 2014 (2013: €8,896) lena n-áirítear taisteal iasachta arbh ionann é agus €6,312 in 2014 (€6,705 in 2013).

Íocadh an stipinn agus na costais taistil a leanas le Cathaoirleach na Comhairle le linn na bliana:

| | 2014 Stipinn € | 2014 Costais € | 2013 Stipinn € | 2013 Costais € |
|---|---|---|---|---|
| Tom Jordan | 8,978 | 2,497 | 8,978 | 1,096 |
| | **8,978** | **2,497** | **8,978** | **1,096** |

Ní fhaigheann aon chomhalta eile den Chomhairle, Coiste nó de na Boird Chlárúcháin íocaíocht i dtaca lena mballraíocht.

## 8. Táillí Dlíthiúla agus Gairmithe

| | 2014 € | 2013 € |
|---|---|---|
| Táillí Dlí - Ginearálta | 17,592 | 48,738 |
| Táillí Dlí – Rialála | 43,798 | 31,951 |
| Táillí Dlí – Oiriúnacht chun Cleachtadh | 71,013 | 6,251 |
| Táillí Cuntasaíochta | 99,520 | 97,735 |
| Soláthar | 21,868 | 13,175 |
| Bainistíocht Riosca | 6,981 | 13,106 |
| Cosaint Sonraí/Bainistíocht Cáipéisí | - | 1,135 |
| Bainistíocht agus Cumarsáide na bPáirtithe Leasmhara | 48,066 | 44,874 |
| Forbairt na hEagraíochta agus Iniúchadh | 18,964 | 60,532 |
| Inmheánach | 3,983 | 640 |
| Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta | | |
| Forbairtí Straitéisí | 8,990 | 4,151 |
| | **340,775** | **322,288** |

## 9. Sócmhainní faoi Fhorbairt

| | Clárú an HSCPC/ Córas Oideachais/Bainistíochta Cásanna € |
|---|---|
| **Costas** | |
| Costas amhail an 1 Eanáir 2014 | 163,350 |
| Costais forbartha arna gcaipitliú | 30,959 |
| Amhail an 31 Nollaig 2014 | **194,309** |

Caipitlítear costais forbartha an chórais de réir mar a fhabhraítear iad. Ní chuirfear tús le dímheas na sócmhainne go dtí go bhfuil an tsócmhainn á húsáid.

## 10. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

| | Daingneáin agus Feistis € | Trealamh TF/Oifge € | Iomlán € |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| Costas amhail an 1 Eanáir 2014 | 26,032 | 150,001 | 176,033 |
| Breisiúcháin sa bhliain | 2,692 | 16,621 | 19,313 |
| Diúscairtí sa bhliain | (1,580) | - | (1,580) |
| An 31 Nollaig 2014 | **27,144** | **166,622** | **193,766** |
| **Dímheas** | | | |
| Dímheas carnach amhail an 1 Eanáir 2014 | 17,855 | 108,565 | 126,420 |
| Dímheas sa bhliain | 3,462 | 34,059 | 37,521 |
| Diúscairtí sa bhliain | (1,560) | - | (1,560) |
| Dímheas Carnach amhail an 31 Nollaig 2014 | **19,757** | **142,624** | **162,381** |
| **Glanluach Leabhar** | | | |
| An 31 Nollaig 2014 | **7,387** | **23,998** | **31,385** |
| An 31 Nollaig 2013 | **8,177** | **41,436** | **49,613** |

## 11. Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí

| | 2014 € | 2013 € |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe Eile | 6,739 | 9,303 |
| Réamhíocaíochtaí | 27,950 | 16,685 |
| | **34,689** | **25,988** |

Meastar go bhfuil gach iarmhéid féichiúnaí in-aisghnóthaithe laistigh de bhliain amháin.

## 12. Creidiúnaithe (Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)

| | 2014 € | 2013 € |
|---|---|---|
| Creidiúnaithe Trádála | 3,039 | - |
| Cáin Bhreisluacha | 8,522 | - |
| ÍMAT | 30,783 | - |
| Cárta Creidmheasa | 1,118 | 1,799 |
| Fabhruithe | 57,688 | 88,301 |
| Cáin Shiarchoinneálach Seirbhísí Gairmiúla | 37,385 | 3,545 |

| | | |
|---|---|---|
| | **138,535** | **93,645** |

**13. An Cuntas Caipitil**

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 212,963 | 133,289 |
| Aistriú chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais: | | |
| Cistiú chun sócmhainní seasta a fháil | 50,273 | 116,618 |
| Lúide: An tsuim a caitheadh ar dhiúscairt sócmhainní | (20) | (1,928) |
| Lúide: Amúchadh ar aon dul le dímheas | (37,521) | (35,016) |
| | 12,732 | 79,674 |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | **225,695** | **212,963** |

**14. Soláthar**

Rinneadh soláthar sna ráitis airgeadais, i ráitis airgeadais 2013, do €71,340 i ndáil le críochnú an chonartha seirbhíse le haghaidh clárú, próiseáil iarratas agus seirbhís ghaolmhar tacaíochta a bhí ar bun go fóill ag deireadh na bliana.

**15. Cóiríocht Oifige**

Áitíonn an Chomhairle áitreabh i gCúirt an Rabhcháin, Átha an Ghainimh, Baile Átha Cliath 18, atá ceadúnaithe acu ón Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) go dtí 2016. Soláthraíodh an chóiríocht oifige i gcomhchineál. Meastar gurb ionann luach an tsochair chomhchineáil seo agus thart ar €380,000 sa bhliain.

**16. Ceangaltais Chaipitiúla CORU**

Tá ceangaltais ag CORU maidir le tionscadal caiteachais TFC a bhaineann le Córas Clárúcháin/Oideachais/Bainistíochta Cáis an HSCPC a chruthú. Déantar an tionscadal agus an caiteachas a leathadh thar chéim 5 bliana. Amhail dháta an chláir chomhardaithe, bhí ceangaltais ag CORU nár íocadh go fóill le haghaidh íocaíochtaí amach anseo ar an tionscadal, a meastar gurb ionann iad agus €116,817.

**17. Comhaltaí na Comhairle – Nochtadh Leasa**

Chomhlíon an tÚdarás na treoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasa ag Comhaltaí na Comhairle agus cloíodh leis na nósanna imeachta siúd i rith na bliana. Níorbh ann d'aon idirbheartaíochtaí sa tréimhse maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis ina raibh aon leas tairbhiúil ag Comhaltaí na Comhairle.

**18. Faomhadh na ráiteas airgeadais**

D'fhaomh an Chomhairle na Ráitis Airgeadais an 19 Márta 2015.

E: info@coru.ie
www.coru.ie

ISBN 978-1-4064-2915-2